# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 165

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

19 Aibreán 2022

Clár

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh**

2022/C 165/01 Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* . . . 1

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt Bhreithiúnais**

2022/C 165/02 Cásanna uamtha C–143/20 agus C-213/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie – an Pholainn – A / O (C-143/20), G. W., E. S. v A. Towarzystwo Ubezpieczeń Życie S.A. (C-213/20) . . . 2

2022/C 165/03 Cás C-160/20: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Rotterdam – an Ísiltír) – Stichting RookPreventie Jeugd v Staatssecretaris van Volksgezondheid, Welzijn en Sport (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2014/40/AE – Monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac – Tairgí nach gcomhlíonann na huasleibhéil astaíochta – Toirmeasc ar iad a chur ar an margadh – Modh tomhais – Toitíní le scagaire a bhfuil micrea-phoill aerála acu – Tástálacha astaíochtaí bunaithe ar chaighdeáin ISO – Caighdeáin nár foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh – Comhréireacht le ceanglais foilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 297(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Comhréireacht le prionsabal na trédhearcachta) . 2

2022/C 165/04 Cás C-175/20: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā apgabaltiesa – an Laitvia) – “SS” SIA v Valsts ieņēmumu dienests (Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 2 – Raon feidhme – Airteagal 4 – An coincheap “próiseáil” – Airteagal 5 – Prionsabail a bhaineann le próiseáil – Teorannú de réir cuspóra – Íoslaghdú sonraí – Airteagal 6 – Dlíthiúlacht na próiseála – Próiseáil atá riachtanach chun cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur chun feidhme agus atá dílsithe don rialaitheoir sonraí – Próiseáil atá riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoi réir a chomhlíonadh – Airteagal 23 – Srianta – Sonraí a phróiseáil chun críoch cánach – Iarraidh ar fhaisnéis a bhaineann le fógraí ar líne maidir le feithiclí atá ar díol a chur in iúl – Comhréireacht) . . . 3

GA

2022/C 165/05 Cás C-226/20 P: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 – Eurofer, Association Européenne de l'Acier, AISBL v an Coimisiún Eorpach, HBIS Group Serbia Iron & Steel LLC Belgrade (Achomharc – Dumpáil – Allmhairí táirgí comhréidhe teorollta atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Brasaíle, na hIaráine, na Rúise, na Seirbia agus na hÚcráine – Clabhsúr a chur leis na himeachtaí maidir le hallmhairí de thionscnamh na Seirbia – Cinneadh maidir le díobháil – Measúnú carnach de na héifeachtaí a bhíonn ag allmhairí ó níos mó ná tríú tír amháin – Rialachán (AE) 2016/1036 – Airteagal 3(4) – Clabhsúr a chur leis na himeachtaí gan bearta a fhorchur – Airteagal 9(2) – Carachtar "diomaibhseach" na n-allmhairí – An tairseach de minimis – Cumhacht lánroghnach an Choimisiúin Eorpaigh) . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4

2022/C 165/06 Cás C-257/20: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – "Viva Telecom Bulgaria" EOOD v Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia (Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin shiarchoinneálach ar ús barúlach a bhaineann le hiasacht saor ó ús arna dheonú ag máthairchuideachta neamhchónaitheach d'fhochuideachta chónaitheach – Treoir 2003/49/CE – Íocaíochtaí úis idir cuideachtaí comhlachaithe i Ballstáit éagsúla – Airteagal 1 (1) – Díolúine ó cháin shiarchoinneálach – Airteagal 4(1)(d) – Eisiamh íocaíochtaí áirithe – Treoir 2011/96/AE – Cáin chorparáide – Airteagal 1(1)(b) – Dáileachán brabús ag fochuideachta chónaitheach ar a máthairchuideachta neamhchónaitheach – Airteagal 5 – Díolúine ó cháin shiarchoinneálach – Treoir 2008/7/CÉ – Cruinniú caipitil – Airteagal 3 – Ranníocaíochtaí caipitil – Airteagal 5(1)(a) – Díolúine ó cháin indíreach – Airteagail 63 agus 65 CFAE – Saorghluaiseacht caipitil – Cánachas ar ollmhéid an úis bharúlaigh – Nós imeachta maidir le haisghabháil chun costais a bhaineann le deonú na hiasachta a asbhaint agus aisíocaíocht fhéideartha – Difríocht sa chaoi a gcaitear leis – Réasúnú – Dáileadh cothrom na cumhachta chun cáin a ghearradh idir na Ballstáit – Éifeachtúlacht an bhailithe cánach – Comhrac i gcoinne seachaint cánach) . . . . . . . . . . . . . . . . . . 5

2022/C 165/07 Cás C-262/20: Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rayonen sad Lukovit – an Bhulgáir) – VB v Glavna direktsia "Pozharna bezopasnost i zashtita na naselenieto" (Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Eagrú ama oibre – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 8 – Airteagal 12(a) – Airteagail 20 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Laghdú ar ghnáthfhad na hoibre oíche i gcomparáid le gnáthfhad na hoibre lae – Oibrithe san earnáil phoiblí agus oibrithe san earnáil phríobháideach – Cóir chomhionann) . . . . . . . . . . . 6

2022/C 165/08 Cás C-283/20: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal du travail francophone de Bruxelles – an Bheilg) – CO agus páirtithe eile v MJ, an Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Eulex Kosovo (Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) – Misean "Smacht Reachta" an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (Eulex Kosovo) – Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES – Airteagal 8(3) agus (5), Airteagal 9(3) agus Airteagal 10(3) – Stádas fhostóir na foirne misin – Airteagal 16(5) – Seachaíocht) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

2022/C 165/09 Cás C-290/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Satversmes tiesa – an Laitvia) – "Latvijas Gāze" AS (Tarchur chun réamhrialú – Margadh inmheánach sa ghás nádúrtha – Treoir 2009/73/CÉ – Mír (3) d'Airteagal 4 – An coincheap "tarchur" – Airteagal 23 – Cumhacht cinneadh a dhéanamh maidir le saoráidí stórála, saoráidí athghásaithe le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe agus custaiméirí tionsclaíocha a nascadh leis an gcóras tarchuir – Airteagal 32(1) – Rochtain tríú páirtí ar an gcóras – Féidearthacht na custaiméirí deiridh a nascadh go díreach leis an gcóras tarchuir gáis nádúrtha) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 7

2022/C 165/10 Cás C-300/20: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht – an Ghearmáin) – Bund Naturschutz in Bayern e.V. v Landkreis Rosenheim (Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 2(a) – Coincheap "pleananna agus ag cláir" – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha arna dtarraingt suas le haghaidh earnálacha áirithe agus lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92/AE a údarú amach anseo – Airteagal 3(4) – Gníomhartha lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal a údarú amach anseo – Rialachán um chosaint tírdhreacha arna ghlacadh ag údarás áitiúil) . . . . . . . . 8

2022/C 165/11 Cás C-364/20 P: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 – Ernests Bernis, Oļegs Fiļs, OF Holding SIA, Cassandra Holding Company SIA v An Bord Réitigh Aonair, An Banc Ceannais Eorpach (Achomharc – Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta – Sásra Réitigh Aonair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Airteagal 18 – Imeachtaí réitigh – Dearbhú ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) go bhfuil eintiteas i mbéal cliseadh nó ar dóigh dó cliseadh – Cinneadh an Bord Réitigh Aonair (BRA) gan scéim réitigh a ghlacadh – Easpa leasa phoiblí – Leachtú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta – Scairshealbhóirí – Easpa cúraim dhírigh – Neamh-inghlacthacht) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 8

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 165/12 | Cás C-389/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Contencioso-Administrativo nº 2 de Vigo – an Spáinn) – CJ v Tesorería General de la Seguridad Social (TGSS) (Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann idir fir agus mná i leith na slándála sóisialta – Treoir 79/7/CEE – Airteagal 4(1) – Toirmeasc ar aon idirdhealú bunaithe ar ghnéas – Oibrithe tí – Cosaint ar an dífhostaíocht – Eisiamh – Míbhuntáiste ar leith d'oibrithe baineanna – Cuspóirí dlisteanacha beartais shóisialta – Comhréireacht) | 9 |
| 2022/C 165/13 | Cás C-451/20: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesgericht Korneuburg – an Ostair) – Airhelp Limited v Austrian Airlines AG (Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(1) – Raon feidhme – Nasceitilt chuig tríú tír agus uaithi – Áirithint aonair le haeriompróir Comhphobail – Nasceitilt ar chríoch Ballstáit – Airteagal 5(1)(c)(iii) agus Airteagal 7 – Moill ar eitilt athródaithe – Am iarbhír teachta curtha san áireamh chun críocha cúitimh) | 10 |
| 2022/C 165/14 | Cás C-452/20: Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – PJ v Agenzia delle dogane e dei monopoli – Ufficio dei monopoli per la Toscana, Ministero dell'Economia e delle Finanze (Iarraidh ar réamhrialú – Comhfhogasú dhlíthe – Treoir 2014/40/AE – Airteagal 23(3) – Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac – Toirmeasc ar thobac a dhíol le mionaoisigh – Rialacha maidir le pionóis – Pionóis éifeachtacha, comhréireacha, agus athchomhairleacha – Oibleagáid ar dhíoltóirí táirgi tobac aois an cheannaitheora a chinntiú agus na táirgí sin á ndíol acu – Fíneáil – Siopa tobacadóra a oibriú – Ceadúnas trádála a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 15 lá – Prionsabal na comhréireachta – Prionsabal an réamhchúraim) | 10 |
| 2022/C 165/15 | Cás C-463/20: Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – Namur-Est Environnement ASBL v Région wallonne (Iarraidh ar réamhrialú – Comhshaol – Treoir 211/92/AE – Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 92/43/CEE – Caomhnú gnáthóg nádúrtha – Caidreamh idir an nós imeachta measúnachta agus toilithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/92/AE agus nós imeachta náisiúnta i leith maolú ó na bearta cosanta speiceas de bhun Threoir 92/43/CEE – An coincheap "toiliú" – Próiseas cinnteoireachta casta – Oibleagáid i leith measúnú a dhéanamh – Raon feidhme ábhartha – Céim an nós imeachta nach mór rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú) | 11 |
| 2022/C 165/16 | Cás C-483/20: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – XXXX v Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides (Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas tearmainn – Nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 33(2)(a) – Doghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír ar deonaíodh stádas dídeanaí i mBallstát eile dó, cé go bhfuil leanbh mionaoiseach an náisiúnaigh sin, a bhfuil stádas tairbhí cosanta coimhdí aige, ina chónaí sa chéad Bhallstát – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 7 – Ceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú – Airteagal 24 – Leas an linbh – Easpa sáraithe ar Airteagail 7 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha mar gheall ar dhoghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 23(2) – Oibleagáid ar na Ballstáit go ndéanfar caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh atá ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a áirithiú) | 12 |
| 2022/C 165/17 | Cás C-532/20: Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Bucureşti – an Rómáin – Alstom Transport SA v Compania Naţională de Căi Ferate CFR SA, Strabag AG – Sucursala Bucureşti, Swietelsky AG Linz – Sucursala Bucureşti (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 92/13/CEE – Nósanna imeachta um soláthar d'eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide – Airteagal 1(1) agus (3) – Rochtain ar imeachtaí achomhairc – Airteagal 2c – Teorainneacha ama chun imeachtaí achomhairc a thionscnamh – Ríomh – Achomharc ar chinneadh lena gceadaítear do thairgeoir páirt a ghlacadh) | 12 |
| 2022/C 165/18 | Cás C-536/20: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos Aukščiausiasis Teismas – an Liotuáin) –"Tiketa" UAB v M.Š. (Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2011/83/AE – Conarthaí tomhaltóirí – An coincheap "trádálaí" – Oibleagáid faisnéis a soláthar maidir le cianchonarthaí – Ceanglas go gcuirfear an fhaisnéis riachtanach ar fáil i dteanga shoiléir agus intuigthe agus ar mheán marthanach) | 13 |
| 2022/C 165/19 | Cás C-563/20: Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Okręgowy w Warszawie – an Pholainn) – ORLEN KolTrans sp. z o.o. v Prezes Urzędu Transportu Kolejowego (Tarchur chun réamhrialú – Iompar ar iarnród – Treoir 2001/14/CE – Airteagal 4 – Muirir ar bhonneagar a shocrú le cinneadh an bhainisteora – Airteagal 30(2) – Cearta gnóthas iarnróid chun caingean riaracháin a thógáil – Airteagal 30(6) – Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an chomhlachta rialála) | 14 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 165/20 | Cás C-582/20: Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Înalta Curte de Casație şi Justiție – an Rómáin) – SC Cridar Cons SRL v Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca (Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 167 agus 168 – Ceart asbhainte – Diúltú – Imgabháil cánach – Riaradh fianaise – Imeachtaí ar gearán riaracháin i gcoinne fógra cáin a diúltaíonn an ceart chun asbhaint, go dtí go bhfaightear toradh imeacht coiriúil – Neamhspleáchas na Ballstáit ó thaobh nósanna imeachta de – Prionsabal an neodracht chánach – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) . . . . . . . . . . | 14 |
| 2022/C 165/21 | Cás C-590/20: Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione – an Iodáil) – Presidenza del Consiglio dei Ministri e.a. v UK e.a. (Tarchur chun réamhrialú – Comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i leith gníomhachtaí dochtúirí – Treoracha 75/363/CEE agus 82/76/CEE – Oiliúint speisialtóirí – Luach saothair iomchuí – Feidhmiú Threoir 82/76/CEE ar oiliúint a tosaíodh roimh an dáta arna teacht i bhfeidhm agus a lean ar aghaidh tar éis dhul in éag an spriocdháta trasuí) . . . . . . . . . . | 15 |
| 2022/C 165/22 | Cás C-605/20: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Suzlon Wind Energy Portugal – Energia Eólica Unipessoal, Lda v Autoridade Tributária e Aduaneira (Tarchur chun réamhrialú – Cáin – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 2(1)(c) – Infheidhmeacht ratione temporis – Seirbhisí atá faoi réir CBL – Soláthar seirbhisí ar comaoin – Critéir – Caidreamh laistigh de ghrúpa – Soláthar a bhaineann le comhábhair tuirbíní gaoithe a deisiú nó a athsholáthar faoi ráthaíocht agus tuarascálacha neamh-chomhréireachta a dhéanamh – Nótaí sochair eisithe ag an soláthraí seirbhíse gan trácht ar CBL – Asbhaint ag an soláthróir ar CBL a ghearrtar ar earraí agus seirbhisí atá sonraisc déanta ag na fochonraitheoirí do na seirbhísí céanna) . . . . . . . . . . | 16 |
| 2022/C 165/23 | Cásanna Uamtha C-52/21 agus C-53/21: Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Liège –an Bheilg) – Pharmacie populaire – La Sauvegarde SCRL v État belge (C-52/21), Pharma Santé – Réseau Solidaris SCRL v État belge (C-53/21), (Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Airteagal 56 CFAE – Srianta – Reachtaíocht chánach – Cáin chorparáide – Oibleagáid atá ar cheannaitheoirí seirbhísí doiciméid tacaíochta a tharraingt suas agus a sheoladh chuig na húdaráis chánach maidir leis na méideanna a ndearna na soláthróirí seirbhísí a bunaíodh i mBallstát eile sonrasc ina leith – Gan oibleagáid a bheith ann i gcás seirbhisí inmheánacha – Réasúnú – Éifeachtach na maoirseachta fioscaí – Comhréireacht) | 16 |
| 2022/C 165/24 | Cás C-430/21: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Craiova – an Rómáin) – imeachtaí a thionscain RS (Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Neamhspleáchas na mbreithiúna – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Tosaíocht dhlí an Aontais – Easpa dlínse cúirte náisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais maidir le reachtaíocht náisiúnta a mheastar a bheith i gcomhréir leis an mBunreacht ag cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann – Imeachtaí araíonachta) . . . . . . . . . . | 17 |
| 2022/C 165/25 | Cásanna Uamtha C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU: Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarratáí ar réamhrialú ón Rechtbank Amsterdam – an Ísiltír) – Forghníomhú barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne X (C-562/21 PPU), Y (C-563/21 PPU) (Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An dara mír d'Airteagal 47 – Ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí – Easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe – Measúnú dhá chéim – Critéir maidir le cur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach fíorú ar mhodh nithiúil agus beacht an bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go bhfuil, i gcás go dtugtar suas an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, fíorbhaol ann go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí) . . . . . . . . . . | 18 |
| 2022/C 165/26 | Cás C-437/20: Ordú na Cúirte (Naoú Dlísheomra) an 10 Eanáir 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Parma – an Iodáil) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne ZI, TQ (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Cearrbhachas – Ceadúnais bailiúcháin geallta – Síneadh le ceadúnais a deonadh cheana – Ionaid tarchuir sonraí (ITS) atá i mbun na gníomhaíochta sin gan cheadúnas agus gan údarú na bpóilíní a thabhairt chun rialtachta – Tréimhse theoranta – Iarraidh ar réamhrialú a bheith do-ghlactha go follasach) . . . . . . . . . . | 19 |
| 2022/C 165/27 | Cás C-550/21: Ordú na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 21 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria provinciale di Roma – an Iodáil) Leonardo SpA v Agenzia delle Entrate – Direzione Regionale del Lazio (Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2), agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Comhchóras cánach breisluacha – Easpa sonraí dóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach) . . . . . . . . . . | 19 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 165/28 | Cás C-63/22: Ordú Uachtarán na Cúirte an 23 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden – an Ghearmáin) – TV v Land Hessen (Cosaint sonraí pearsanta – Gníomhaireacht faisnéise (oifig um fhaisnéis eacnamaíoch) – Measúnú ar shócmhainneacht ("scóráil") daoine nádúrtha ar bhonn faisnéise neamhfhíoraithe arna soláthar ag creidiúnaithe – Dlíthiúlacht na próiseála sonraí agus freagracht chomhpháirteach as an bpróiseáil sin) | 20 |
| 2022/C 165/29 | Cás C-322/21 P: Achomharc arna thabhairt an 24 Bealtaine 2021 ag Roberto Alejandro Macías Chávez, José María Castillejo Oriol, Fernando Presencia i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 27 Aibreán 2021 i gCás T-719/20, Macías Chávez agus páirtithe eile v An Spáinn agus an Pharlaimint | 20 |
| 2022/C 165/30 | Cás C-557/21 P: Achomharc arna thabhairt an 10 Meán Fómhair 2021 ag Acciona, S.A. i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 30 Meitheamh 2021 i gCás T-362/20, Acciona v EUIPO – Agencia Negociadora PB (REACCIONA) | 21 |
| 2022/C 165/31 | Cás C-710/21: Iarraidh ar réamhrialú ó Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 25 Samhain 2021 – IEF Service GmbH v HB | 21 |
| 2022/C 165/32 | Cás C-817/21: Iarraidh ar réamhrialú ó Curtea de Apel București 2021 (an Rómáin) a taisceadh an 21 Nollag 2021 – R.I. v Inspecția Judiciară, N.L. | 21 |
| 2022/C 165/33 | Cás C-827/21: Iarraidh ar réamhrialú ó Înalta Curte de Casație și Justiție (an Rómáin) a taisceadh an 30 Nollag 2021 – Banca A v ANAF, Uachtarán ANAF | 21 |
| 2022/C 165/34 | Cás C-15/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (an Ghearmáin) a taisceadh an 6 Eanáir 2022 – RF v Finanzamt G | 21 |
| 2022/C 165/35 | Cás C-23/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa — CAAD) (an Phortaingéal) a taisceadh an 10 Eanáir 2022 — Caxamar — Comércio e Indústria de Bacalhau, S.A. v Autoridade Tributária e Aduaneira | 22 |
| 2022/C 165/36 | Cás C-51/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Pesti Központi Kerületi Bíróság (an Ungáir) a taisceadh an 25 Eanáir 2022 – PannonHitel Pénzügyi Zrt v Wizz Air Hungary Légiközlekedési Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.) | 23 |
| 2022/C 165/37 | Cás C-62/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 1 Feabhra 2022 – IA v DER Touristik Deutschland GmbH | 23 |
| 2022/C 165/38 | Cás C-70/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), a taisceadh an 1 Feabhra 2022 – Viagogo AG v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni, Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato | 24 |
| 2022/C 165/39 | Cás C-73/22 P: Achomharc arna thabhairt an 3 Feabhra 2022 ag Grupa Azoty S.A., Azomureș SA, Lipasmata Kavalas LTD Ypokatastima Allodapis i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 29 Samhain 2021 i gCás T-726/20, Grupa Azoty agus páirtithe eile v an Coimisiún | 24 |
| 2022/C 165/40 | Cás C-77/22 P: Achomharc arna thabhairt an 4 Feabhra 2022 ag Advansa Manufacturing GmbH, Beaulieu International Group, Brilen, SA, Cordenka GmbH & Co. KG, Dolan GmbH, Enka International GmbH & Co. KG, Glanzstoff Longlaville, Infinited Fiber Company Oy, Kelheim Fibres GmbH, Nurel SA, PHP Fibers GmbH, Teijin Aramid BV, Thrace Nonwovens & Geosynthetics monoprosopi AVEE mi yfanton yfasmaton kai geosynthetikon proïonton, Trevira GmbH i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 29 Samhain 2021 i gCás T-741/20, Advansa Manufacturing agus páirtithe eile v an Coimisiún | 26 |
| 2022/C 165/41 | Cás C-86/22: Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil), an 9 Feabhra 2022 – Papier Mettler Italia S.r.l. v Ministero della Transizione Ecologica (ar a dtugtaí Ministero dell'Ambiente e della Tutela del Territorio e del Mare roimhe seo), Ministero dello Sviluppo Economico | 27 |
| 2022/C 165/42 | Cás C-97/22: Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Essen (an Ghearmáin) a taisceadh an 10 Feabhra 2022 – DC v HJ | 28 |


**Chúirt Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 165/43 | Cás T-434/21: Ordú na Cúirte Ginearálta an 10 Feabhra 2022 – TO v European Environment Agency | 29 |
| 2022/C 165/44 | Cás T-71/22: Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – BNP Paribas v SRB | 29 |

| | | |
|---|---|---|
| 2022/C 165/45 | Cás T-86/22: Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Associazione “Terra Mia Amici No Tap” v BEI | 31 |
| 2022/C 165/46 | Cás T-87/22: Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2022 – Hahn Rechtsanwälte v an Coimisiún | 32 |
| 2022/C 165/47 | Cás T-101/22: Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – OG agus páirtithe eile v an Coimisiún | 33 |
| 2022/C 165/48 | Cás T-102/22: Caingean arna tabhairt an 22 Feabhra 2022 – Transgourmet Ibérica v EUIPO – Aldi (Gourmet) | 35 |
| 2022/C 165/49 | Cás T-106/22: Caingean arna tabhairt an 24 Feabhra 2022 – Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi v EUIPO – M. J. Dairies (BBQLOUMI) | 35 |
| 2022/C 165/50 | Cás T-107/22: Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2022 – Adega Ponte da Boga v EUIPO – Viñedos y Bodegas Dominio de Tares (P3 DOMINIO DE TARES) | 36 |
| 2022/C 165/51 | Cás T-113/22: Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2022 – OK v SEAE | 37 |

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

## Foilseacháin deiridh de chuid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

(2022/C 165/01)

**Foilseachán deiridh**

IO C 158, 11.4.2022

**Foilseacháin stairiúla**

IO C 148, 4.4.2022

IO C 138, 28.3.2022

IO C 128, 21.3.2022

IO C 119, 14.3.2022

IO C 109,7.3.2022

IO C 95, 28.2.2022

Is féidir teacht ar na téacsanna sin anseo:

EUR-Lex: http://eur-lex.europa.eu

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Warszawy-Woli w Warszawie – an Pholainn – A / O (C-143/20), G. W., E. S. v A. Towarzystwo Ubezpieczeń Życie S.A. (C-213/20)**

**(Cásanna uamtha C–143/20 agus C-213/20)** [1]

(2022/C 165/02)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

[1] IO C 209 an 22.06.2020
IO C 304 an 14.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rechtbank Rotterdam – an Ísiltír) – Stichting RookPreventie Jeugd v Staatssecretaris van Volksgezondheid, Welzijn en Sport**

**(Cás C-160/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2014/40/AE – Monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac – Tairgí nach gcomhlíonann na huasleibhéil astaíochta – Toirmeasc ar iad a chur ar an margadh – Modh tomhais – Toitíní le scagaire a bhfuil micrea-phoill aerála acu – Tástálacha astaíochtaí bunaithe ar chaighdeáin ISO – Caighdeáin nár foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh – Comhréireacht le ceanglais foilsithe dá bhforáiltear in Airteagal 297(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla – Comhréireacht le prionsabal na trédhearcachta)***

(2022/C 165/03)

*Teanga an cháis: an Ísiltíris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Rotterdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Stichting Rookpreventie Jeugd, Stichting Inspire2live, Rode Kruis Ziekenhuis BV, Stichting ClaudicatioNet, Nederlandse Vereniging voor Kindergeneeskunde, Nederlandse Vereniging voor Verzekeringsgeneeskunde, Accare, Stichting Universitaire en Algemene Kinder- en Jeugdpsychiatrie Noord-Nederland, Vereniging Praktijkhoudende Huisartsen, Nederlandse Vereniging van Artsen voor Longziekten en Tuberculose, Nederlandse Federatie van Kankerpatiëntenorganisaties, Nederlandse Vereniging Arbeids- en Bedrijfsgeneeskunde, Nederlandse Vereniging voor Cardiologie, Koepel van Artsen Maatschappij en Gezondheid, Koninklijke Nederlandse Maatschappij tot bevordering der Tandheelkunde, College van Burgemeester en Wethouders van Amsterdam

*Cosantóir:* Staatssecretaris van Volksgezondheid, Welzijn en Sport

*Idiragraí:* Vereniging Nederlandse Sigaretten- en Kerftabakfabrikanten (VSK),

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 3 Aibreán 2014, maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol tobac agus táirgí gaolmhara, agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE, a léirmhíniú amhail is go bhforáiltear léi go ndéanfar na huasleibhéil astaíochta tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin ó thoitíní atá beartaithe a chur ar an margadh nó a mhonarú sna Ballstáit, a shocraítear in Airteagal 3(1) den Treoir sin, a thomhas trí úsáid a bhaint as na modhanna tomhais a dhíorthaítear ó chaighdeáin ISO 4387, 10315, 8454 agus 8243, dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

2. Níor nochtadh le scrúdú ar an gcéad cheist aon fhachtóir den sórt sin a dhéanfadh difear do bhailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise phrionsabal na trédhearcachta, Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 ón gComhairle an 7 Márta 2013 maidir le foilsiú leictreonach Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 297(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla.

3. Níor nochtadh le scrúdú ar cheist 3(a), aon fhachtóir de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise Airteagal 5(3) de Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac.

4. Níor nochtadh le scrúdú ar cheist 3(b), aon fhachtóir de chineál a dhéanfadh difear do bhailíocht Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 i bhfianaise Airteagal 114(3) CFAE, Chreat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac agus Airteagail 24 agus 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

5. Mura mbeidh Airteagal 4(1) de Threoir 2014/40 in-fhorfheidhmithe i gcoinne daoine aonair, ní mór an modh a úsáidtear chun Airteagal 3(1) den Treoir sin a chur i bhfeidhm a bheith iomchuí, de réir forbairtí eolaíocha agus teicniúla nó caighdeáin arna nglacadh go hidirnáisiúnta, chun leibhéil na n-astaíochtaí a scaoiltear nuair a úsáidtear toitín chun na críche atá beartaithe dó a thomhas, agus bunaithe ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine, go háirithe do dhaoine óga, agus déanfar cruinneas na dtomhas a fhaightear leis an modh sin a fhíorú ag na saotharlanna formheasta agus faoi mhaoirseacht údaráis inniúla na mBallstát dá dtagraítear in Airteagal 4(2) den Treoir sin.

(1) IO C 222 an 06.07.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Administratīvā apgabaltiesa – an Laitvia) – "SS" SIA v Valsts ieņēmumu dienests**

**(Cás C-175/20)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Airteagal 2 – Raon feidhme – Airteagal 4 – An coincheap "próiseáil" – Airteagal 5 – Prionsabail a bhaineann le próiseáil – Teorannú de réir cuspóra – Íoslaghdú sonraí – Airteagal 6 – Dlíthiúlacht na próiseála – Próiseáil atá riachtanach chun cúram a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail a chur chun feidhme agus atá dílsithe don rialaitheoir sonraí – Próiseáil atá riachtanach chun oibleagáid dhlíthiúil a bhfuil an rialaitheoir faoi réir a chomhlíonadh – Airteagal 23 – Srianta – Sonraí a phróiseáil chun críoch cánach – Iarraidh ar fhaisnéis a bhaineann le fógraí ar líne maidir le feithiclí atá ar díol a chur in iúl – Comhréireacht)***

(2022/C 165/04)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Administratīvā apgabaltiesa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "SS" SIA

*Cosantóir:* Valsts ieņēmumu dienests

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór forálacha Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) a léirmhíniú sa chiall is go bhfuil an bailiú, ag riarachán cánach Bhallstáit ó oibreoir eacnamaíoch, d'fhaisnéis a bhaineann le méid suntasach sonraí pearsanta faoi réir cheanglais an Rialacháin sin, go háirithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5(1) de.

2) Ní mór forálacha Rialachán 2016/679 a léirmhíniú sa chiall is nach féidir le riarachán cánach Ballstáit maolú a dhéanamh ar na forálacha in Airteagal 5(1) den Rialachán sin i gcás nach bhfuil ceart den sórt sin tugtha dó i mbeart reachtach, de réir bhrí Airteagal 23(1) de.

3) Ní mór forálacha Rialachán 2016/679 a léirmhíniú sa chiall is nach gcuireann siad bac ar riarachán cánach Ballstáit a cheangal ar sholáthraí seirbhíse fógraí, ar fógraí iad a fhoilsítear ar an idirlíon, faisnéis a bhaineann le cáiníocóirí a d'fhoilsigh fógraí i gceann de na ranna dá thairseach idirlín a chur in iúl dó má tá, inter alia, na sonraí sin riachtanach do na sainchuspóirí dá mbailítear iad agus nach bhfuil an tréimhse lena mbaineann bailiú na sonraí sin níos faide ná mar is fíorghá di chun an cuspóir leasa ghinearálta a bhaint amach.

[1] IO C 222, 06.07.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 – Eurofer, Association Européenne de l'Acier, AISBL v an Coimisiún Eorpach, HBIS Group Serbia Iron & Steel LLC Belgrade**

**(Cás C-226/20 P)** [1]

***(Achomharc – Dumpáil – Allmhairí táirgí comhréidhe teorollta atá déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile de thionscnamh na Brasaíle, na hIaráine, na Rúise, na Seirbia agus na hÚcráine – Clabhsúr a chur leis na himeachtaí maidir le hallmhairí de thionscnamh na Seirbia – Cinneadh maidir le díobháil – Measúnú carnach de na héifeachtaí a bhíonn ag allmhairí ó níos mó ná tríú tír amháin – Rialachán (AE) 2016/1036 – Airteagal 3(4) – Clabhsúr a chur leis na himeachtaí gan bearta a fhorchur – Airteagal 9(2) – Carachtar "diomaibhseach" na n-allmhairí – An tairseach de minimis – Cumhacht lánroghnach an Choimisiúin Eorpaigh)***

(2022/C 165/05)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Eurofer, Association Européenne de l'Acier, AISBL (ionadaithe: J. Killick agus G. Forwood, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: T. Maxian Rusche agus A. Demeneix ar dtús, ansin T. Maxian Rusche agus G. Luengo, i gcáil Gníomhairí), HBIS Group Serbia Iron & Steel LLC Belgrade (ionadaí: R. Luff, avocat)

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don achomharc.

2) Ordaítear do Eurofer, Association européenne de l'Acier, AISBL a chostais féin a iompar agus na costais a thabhaigh an Coimisiún Eorpach agus HBIS Group Serbia Iron & Steel LLC Belgrade a íoc.

[1] IO C 313, 21.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven administrativen sad – an Bhulgáir) – "Viva Telecom Bulgaria" EOOD v Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia**

**(Cás C-257/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Cáin shiarchoinneálach ar ús barúlach a bhaineann le hiasacht saor ó ús arna dheonú ag máthairchuideachta neamhchónaitheach d'fhochuideachta chónaitheach – Treoir 2003/49/CÉ – Íocaíochtaí úis idir cuideachtaí comhlachaithe i Ballstáit éagsúla – Airteagal 1(1) – Díolúine ó cháin shiarchoinneálach – Airteagal 4(1)(d) – Eisiamh íocaíochtaí áirithe – Treoir 2011/96/AE – Cáin chorparáide – Airteagal 1(1)(b) – Dáileachán brabús ag fochuideachta chónaitheach ar a máthairchuideachta neamhchónaitheach – Airteagal 5 – Díolúine ó cháin shiarchoinneálach – Treoir 2008/7/CÉ – Cruinniú caipitil – Airteagal 3 – Ranníocaíochtaí caipitil – Airteagal 5(1)(a) – Díolúine ó cháin indíreach – Airteagail 63 agus 65 CFAE – Saorghluaiseacht caipitil – Cánachas ar ollmhéid an úis bharúlaigh – Nós imeachta maidir le haisghabháil chun costais a bhaineann le deonú na hiasachta a asbhaint agus aisíocaíocht fhéideartha – Difríocht sa chaoi a gcaitear leis – Réasúnú – Dáileadh cothrom na cumhachta chun cáin a ghearradh idir na Ballstáit – Éifeachtúlacht an bhailithe cánach – Comhrac i gcoinne seachaint cánach)***

(2022/C 165/06)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven administrativen sad

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Viva Telecom Bulgaria" EOOD

*Cosantóir:* Direktor na Direktsia "Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika" – Sofia

*Idiragraí:* Varhovna administrativna prokuratura na Republika Bulgaria

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 1(1) de Threoir 2003/49/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir leis an gcóras coiteann cánachais is infheidhme ar íocaíochtaí úis agus ríchíosa arna ndéanamh idir cuideachtaí comhlachaithe Ballstát éagsúil, i gcomhar le hAirteagal 4(1)(d) den Treoir sin, Airteagal 5 de Threoir 2011/96/AE ón gComhairle an 30 Samhain 2011 maidir le córas comhchoiteann cánach is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí as Ballstáit difriúla, arna leasú le Treoir (AE) 2015/121 ón gComhairle an 27 Eanáir 2015, chomh maith le hAirteagail 3 agus 5 de Threoir 2008/7/CE ón gComhairle an 12 Feabhra 2008 maidir le cánacha indíreacha ar chruinniú caipitil, a léirmhíniú sa chaoi nach gcuireann siad i gcoinne reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le cánachas i bhfoirm cánach shiarchoinneálach ar ús barúlach ar a mbeidh ar fhochuideachta chónaitheach a bhain leas as iasacht saor ó ús arna dheonú ag a máthairchuideachta neamhchónaitheach a íoc don máthairchuideachta neamhchónaitheach dá mbeadh sé curtha i gcrích faoi choinníollacha an mhargaidh.

2) Ní mór Airteagal 63 CFAE, arna léamh i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, a léirmhíniú sa chaoi nach gcuireann sé i gcoinne reachtaíocht náisiúnta lena ndéantar foráil maidir le cánachas i bhfoirm cánach shiarchoinneálach ar ús barúlach ar a mbeidh ar fhochuideachta chónaitheach a bhain leas as iasacht saor ó ús arna dheonú ag a máthairchuideachta neamhchónaitheach a íoc don máthairchuideachta neamhchónaitheach, dá mbeadh sé curtha i gcrích faoi choinníollacha an mhargaidh, nuair a bhaineann an cháin shiarchoinneálach le hollmhéid an úis sin, gan an fhéidearthacht na costais a bhaineann leis an iasacht seo a asbhaint, ag an gcéim sin, mar go bhfuil gá le hiarratas ina dhiaidh sin chun an asbhaint sin a athríomh agus aisíocaíocht a dhéanamh más gá, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, nach mbeidh fad an nós imeachta dá bhforáiltear chun na críche sin leis na rialacháin sin iomarcach agus, ar an dara dul síos, go bhfuil ús dlite ar na méideanna a aisíocadh.

[1] IO C 279, 24.08.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Rayonen sad Lukovit – an Bhulgáir) – VB v Glavna direktsia "Pozharna bezopasnost i zashtita na naselenieto"**

**(Cás C-262/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Beartas sóisialta – Eagrú ama oibre – Treoir 2003/88/CE – Airteagal 8 – Airteagal 12(a) – Airteagail 20 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Laghdú ar ghnáthfhad na hoibre oíche i gcomparáid le gnáthfhad na hoibre lae – Oibrithe san earnáil phoiblí agus oibrithe san earnáil phríobháideach – Cóir chomhionann)*

(2022/C 165/07)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rayonen sad Lukovit

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* VB

*Cosantóir:* Glavna direktsia "Pozharna bezopasnost i zashtita na naselenieto"

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 8 agus Airteagal 12(a) de Threoir 2003/88/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre a léirmhíniú sa chiall nach gceanglaítear leo rialacháin náisiúnta a ghlacadh lena bhforáiltear do ghnáthuaireanta oibre oíche d'oibrithe san earnáil phoiblí, amhail póilíní agus comhraiceoirí dóiteáin, níos giorra ná gnáthuaireanta oibre lae dá bhforáiltear dóibh. Ní mór d'oibrithe den sórt sin ar aon nós leas a bhaint as bearta cosantacha eile maidir le huaireanta oibre, pá, liúntais nó buntáistí comhchosúla, rud a fhágann gur féidir cúiteamh a dhéanamh as an gcruatan ar leith a bhaineann leis an obair oíche a dhéanann siad.

2) Ní mór Airteagal 20 agus 31 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann siad i gcoinne é nach bhfuil feidhm ag na gnáthuaireanta oibre oíche, arna socrú ag seacht n-uair an chloig i reachtaíocht Bhallstáit, d'oibrithe san earnáil phríobháideach maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, nach bhfuil feidhm acu maidir le hoibrithe san earnáil phoiblí, lena n-áirítear póilíní agus comhraiceoirí dóiteáin, má tá an difríocht sa chaoi ina gcaitear leo bunaithe ar chritéar oibiachtúil agus réasúnach, i.e. go mbaineann sé le haidhm atá ceadaithe de réir dlí agus a shaothraíonn an reachtaíocht sin, agus go bhfuil sé comhréireach leis an aidhm sin.

[1] IO C 279, 24.08.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal du travail francophone de Bruxelles – an Bheilg) – CO agus páirtithe eile v MJ, an Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Eulex Kosovo**

**(Cás C-283/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) – Misean "Smacht Reachta" an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (Eulex Kosovo) – Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES – Airteagal 8(3) agus (5), Airteagal 9(3) agus Airteagal 10(3) – Stádas fhostóir na foirne misin – Airteagal 16(5) – Seachaíocht)*

(2022/C 165/08)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal du travail francophone de Bruxelles

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* CO agus páirtithe eile

*Cosantóirí:* MJ, An Coimisiún Eorpach, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Comhairle an Aontais Eorpaigh, Eulex Kosovo

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 16(5) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le misean smachta reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, Eulex Kosovo, arna leasú ag Cinneadh 2014/349/CBES ón gComhairle an 12 Meitheamh 2014, a léirmhíniú sa chiall is go n-ainmnítear leis, ón 15 Meitheamh 2014, an misean smachta reachta sa Chosaiv, arna thugtar "Eulex Kosovo", dá dtagraítear in Airteagal 1 den ghníomhaíocht chomhpháirteach sin, mar freagrach agus mar sin mar chosantóir in aon chaingean a bhaineann le hiarmhairtí chur i gcrích an mhisin a cuireadh de chúram air, beag beann air gur tharla na fíricí is bonn le caingean den sórt sin roimh an 12 Meitheamh 2014, dáta theacht i bhfeidhm Chinneadh 2014/349.

(1) IO C 297, 07.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Satversmes tiesa – an Laitvia) – "Latvijas Gāze" AS**

**(Cás C-290/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Margadh inmheánach sa ghás nádúrtha – Treoir 2009/73/CÉ – Mír (3) d'Airteagal 4 – An coincheap "tarchur" – Airteagal 23 – Cumhacht cinneadh a dhéanamh maidir le saoráidí stórála, saoráidí athghásaithe le haghaidh gás nádúrtha leachtaithe agus custaiméirí tionsclaíocha a nascadh leis an gcóras tarchuir – Airteagal 32(1) – Rochtain tríú páirtí ar an gcóras – Féidearthacht na custaiméirí deiridh a nascadh go díreach leis an gcóras tarchuir gáis nádúrtha)***

(2022/C 165/09)

*Teanga an cháis: an Laitvis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Satversmes tiesa

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Latvijas Gāze" AS

*Idiragraithe:* Latvijas Republikas Saeima, Sabiedrisko pakalpojumu regulēšanas komisija

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 23 agus Airteagal 32(1) de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE a léirmhíniú sa chiall nach n-eascraíonn sé ó na forálacha sin go gceanglaítear ar na Ballstáit rialachán a ghlacadh faoina bhféadfadh, ar thaobh amháin, aon chustaiméir deiridh a roghnú le bheith nasctha leis an gcóras tarchuir nó leis an gcóras dáileacháin gáis nádúrtha agus, ar an taobh eile, go gceanglaítear ar an oibreoir córais tarchuir lena mbaineann ligean dó nascadh leis an gcóras sin.

2) Ní mór Airteagal 23 de Threoir 2009/73 a léirmhíniú sa chiall nach gcuirtear leis oibleagáid ar na Ballstáit rialacháin a ghlacadh faoi nach féidir ach custaiméir tionsclaíoch nascadh leis an gcóras tarchuir gáis nádúrtha.

3) Ní mór Airteagal 2(3) agus Airteagal 23 de Threoir 2009/73 a léirmhíniú sa chiall nach gcuireann siad i gcoinne rialacháin Ballstáit faoina n-áirítear le tarchur gáis nádúrtha gás nádúrtha a tharchuir go díreach chuig córas soláthair gáis nádúrtha an chustaiméara deiridh.

(1) IO C 297, 07.09.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesverwaltungsgericht – an Ghearmáin) – Bund Naturschutz in Bayern e.V. v Landkreis Rosenheim**

**(Cás C-300/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhshaol – Treoir 2001/42/CE – Measúnú ar na héifeachtaí a bhíonn ag pleananna agus ag cláir áirithe ar an gcomhshaol – Airteagal 2(a) – Coincheap "pleananna agus ag cláir" – Airteagal 3(2)(a) – Gníomhartha arna dtarraingt suas le haghaidh earnálacha áirithe agus lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal atá liostaithe in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92/AE a údarú amach anseo – Airteagal 3(4) – Gníomhartha lena sainítear creat faoina bhféadfar cur chun feidhme na dtionscadal a údarú amach anseo – Rialachán um chosaint tírdhreacha arna ghlacadh ag údarás áitiúil)***

(2022/C 165/10)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesverwaltungsgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Bund Naturschutz in Bayern e.V.

*Cosantóir:* Landkreis Rosenheim

*i láthair:* Landesanwaltschaft Bayern, Vertreter des Bundesinteresses beim Bundesverwaltungsgericht

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Airteagal 3(2)(a) de Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a léirmhíniú sa chiall nach dtagann beart náisiúnta a bhfuil sé d'aidhm aige an dúlra agus an tírdhreach a chosaint agus chuige sin, lena leagtar síos toirmisc ghinearálta chomh maith le ceanglais údaraithe gan rialacha atá mionsonraithe go leor a sholáthar maidir le hinneachar, mionsaothrú agus cur chun feidhme na dtionscadal a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II de Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol faoi raon feidhme na forála seo.

2) Caithfear Airteagal 3(4) de Threoir 2001/42 a léirmhíniú sa chiall nach dtagann beart náisiúnta a bhfuil sé d'aidhm aige an dúlra agus an tírdhreach a chosaint agus chuige sin, lena leagtar síos toirmisc ghinearálta chomh maith le ceanglais údaraithe gan rialacha atá mionsonraithe go leor a sholáthar maidir le hinneachar, mionsaothrú agus cur chun feidhme na dtionscadal faoi raon feidhme na forála seo.

([1]) IO C 304 an 14.09.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 – Ernests Bernis, Oļegs Fiļs, OF Holding SIA, Cassandra Holding Company SIA v An Bord Réitigh Aonair, An Banc Ceannais Eorpach**

**(Cás C-364/20 P)** ([1])

***(Achomharc – Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta – Aontas baincéireachta – Téarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta – Sásra Réitigh Aonair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe (SRA) – Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 – Airteagal 18 – Imeachtaí réitigh – Dearbhú ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE) go bhfuil eintiteas i mbéal cliseadh nó ar dóigh dó cliseadh – Cinneadh an Bord Réitigh Aonair (BRA) gan scéim réitigh a ghlacadh – Easpa leasa phoiblí – Leachtú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta – Scairshealbhóirí – Easpa cúraim dhírigh – Neamh-inghlacthacht)***

(2022/C 165/11)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Ernests Bernis, Oļegs Fiļs, OF Holding SIA, Cassandra Holding Company SIA (ionadaí: O. Behrends, Rechtsanwalt)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* An Bord Réitigh Aonair (ionadaithe: H. Ehlers, A. Valavanidou agus E. Muratori ar dtús, ansin H. Ehlers agus M. E. Muratori, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó B. Heenan, solicitor, J. Rivas Andrés agus A. Manzaneque Valverde, abogados), an Banc Ceannais Eorpach (BCE) (ionadaithe: E. Koupepidou agus G. Marafioti, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1) Déantar an t-achomharc a dhíbhe.

2) Ordaítear d'Ernests Bernis agus Oļegs Fiļs, OF Holding SIA agus Cassandra Holding Company SIA a gcostais féin a íoc chomh maith leis na costais a thabhóidh an Bord Réitigh Aonair.

3) Íocann an Banc Ceannais Eorpach a chostais féin.

---

([1]) IO C 320 an 28.09.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Juzgado de lo Contencioso-Administrativo nº 2 de Vigo – an Spáinn) – CJ v Tesorería General de la Seguridad Social (TGSS)**

**(Cás C-389/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Cóir chomhionann idir fir agus mná i leith na slándála sóisialta – Treoir 79/7/CEE – Airteagal 4(1) – Toirmeasc ar aon idirdhealú bunaithe ar ghnéas – Oibrithe tí – Cosaint ar an dífhostaíocht – Eisiamh – Míbhuntáiste ar leith d'oibrithe baineanna – Cuspóirí dlisteanacha beartais shóisialta – Comhréireacht)***

(2022/C 165/12)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado de lo Contencioso-Administrativo nº 2 de Vigo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CJ

*Cosantóir:* Tesorería General de la Seguridad Social (TGSS)

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 4(1) de Threoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile a léirmhíniú sa chiall go gcuirtear bac leis ar fhoráil náisiúnta lena n-eisiatar sochair dhífhostaíochta ó na sochair slándála sóisialta a dheonaítear d'oibrithe tí trí scéim reachtúil slándála sóisialta, ós rud é go gcuirtear oibrithe baineanna faoi mhíbhuntáiste ar leith i gcomparáid le hoibrithe fireanna leis an bhforáil sin, agus nach bhfuil agus nach dtugtar údar maith leis le fachtóirí oibiachtúla nach mbaineann le haon idirdhealú bunaithe ar ghnéas.

---

([1]) IO C 423 an 07.12.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Landesgericht Korneuburg – an Ostair) – Airhelp Limited v Austrian Airlines AG**

**(Cás C-451/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(1) – Raon feidhme – Nasceitilt chuig tríú tír agus uaithi – Áirithint aonair le haeriompróir Comhphobail – Nasceitilt ar chríoch Ballstáit – Airteagal 5(1)(c)(iii) agus Airteagal 7 – Moill ar eitilt athródaithe – Am iarbhír teachta curtha san áireamh chun críocha cúitimh)***

(2022/C 165/13)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landesgericht Korneuburg

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Airhelp Limited

*Cosantóir:* Austrian Airlines AG

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, a léirmhíniú sa chiall nach bhfuil feidhm ag an Rialachán sin maidir le nasceitilt a ndearnadh áirithint aonair di agus atá comhdhéanta de dhá chuid eitilte atá le hoibriú ag aeriompróir Comhphobail i gcás go bhfuil aerfort imeachta na céad coda agus aerfort teachta an dara chuid den eitilt lonnaithe i dtríú tír, agus an t-aerfort ina stopann an eitilt an t-aon aerfort amháin atá suite ar chríoch Ballstáit.

([1]) IO C 433 an 14.12.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato – an Iodáil) – PJ v Agenzia delle dogane e dei monopoli – Ufficio dei monopoli per la Toscana, Ministero dell'Economia e delle Finanze**

**(Cás C-452/20)** ([1])

***(Iarraidh ar réamhrialú – Comhfhogasú dhlíthe – Treoir 2014/40/AE – Airteagal 23(3) – Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac – Toirmeasc ar thobac a dhíol le mionaoisigh – Rialacha maidir le pionóis – Pionóis éifeachtacha, comhréireacha, agus athchomhairleacha – Oibleagáid ar dhíoltóirí táirgi tobac aois an cheannaitheora a chinntiú agus na táirgí sin á ndíol acu – Fíneáil – Siopa tobacadóra a oibriú – Ceadúnas trádála a chur ar fionraí ar feadh tréimhse 15 lá – Prionsabal na comhréireachta – Prionsabal an réamhchúraim)***

(2022/C 165/14)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* PJ

*Cosantóirí:* Agenzia delle dogane e dei monopoli – Ufficio dei monopoli per la Toscana, Ministero dell'Economia e delle Finanze

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór prionsabal na comhréireachta a léiriú amhail nach gcuirtear bac ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás an chéad sáraithe ar dhíol táirgí tobac le mionaoisigh, bhfeidhmí dteannta fíneáil riaracháin a chur i bhfeidhm, d'fhionraí, ar feadh tréimhse 15 lá, den cheadúnas trádála lena gceadaítear don oibritheoir eacnamaíoch a sháraigh an toirmeasc ar dhíol na dtáirgí sin, ar coinníoll nach dtéann an reachtaíocht sin thar teorainneacha maidir leis an méid atá iomchuí agus riachtanach d'fhonn an cuspóir a bhaint amach i ndáil le sláinte an duine a chosaint agus, , go háirithe, an líon daoine óga a chaitheann tobaic a laghdú.

([1]) IO C 423, 7.12.2020.

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – Namur-Est Environnement ASBL v Région wallonne**

**(Cás C-463/20)** ([1])

***(Iarraidh ar réamhrialú – Comhshaol – Treoir 211/92/AE – Measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal áirithe ar an gcomhshaol – Treoir 92/43/CEE – Caomhnú gnáthóg nádúrtha – Caidreamh idir an nós imeachta measúnachta agus toilithe dá dtagraítear in Airteagal 2 de Threoir 2011/92/AE agus nós imeachta náisiúnta i leith maolú ó na bearta cosanta speiceas de bhun Threoir 92/43/CEE – An coincheap "toiliú" – Próiseas cinnteoireachta casta – Oibleagáid i leith measúnú a dhéanamh – Raon feidhme ábhartha – Céim an nós imeachta nach mór rannpháirtíocht phoiblí sa phróiseas cinnteoireachta a chinntiú)***

(2022/C 165/15)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Namur-Est Environnement ASBL

*Cosantóir:* Région wallonne

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú ar na héifeachtaí atá ag tionscadail áirithe phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol, a léiriú amhail go dtagann cinneadh arna ghlacadh faoi Airteagal 16(1) de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú, lena gceadaítear d'fhorbróir maolú ó bhearta infheidhme maidir le cosaint speiceas, d'fhonn tionscadal a bhaint amach, de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) de Threoir 2011/92, faoi nós imeachta toilithe an tionscadail sin, de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) den Treoir sin más rud é, sa chéad áit, nach bhféidir an tionscadal sin a bhaint amach mura bhfaigheann an forbróir an cinneadh sin agus, sa dara háit, má chaomhnaíonn an t-údarás inniúil as an tionscadal sin a údarú an fhéidearthacht a chuid éifeachtaí ar an gcomhshaol a thomhais ar bhealach níos déine ná mar a rinneadh sa chinneadh sin.

2) Ní mór Treoir 2011/92 a léiriú, ag féachaint go háirithe d'Airteagail 6 agus 8 di, amhail, maidir le réamhchinneadh arna ghlacadh lena gceadaítear d'fhorbróir maolú ó bhearta infheidhme maidir le cosaint speiceas, d'fhonn tionscadal a bhaint amach, de réir bhrí Airteagal 1(2)(a) den Treoir sin, nach gá go mbeadh rannpháirtíocht phoiblí ann roimh ré, ar choinníoll go gcinntítear an rannpháirtíocht sin go héifeachtach roimh ghlacadh an chinnidh ag an údarás inniúil le haghaidh thoiliú an tionscadail sin.

([1]) IO C 9, 11.01.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Conseil d'État – an Bheilg) – XXXX v Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides**

**(Cás C-483/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhbheartas tearmainn – Nósanna imeachta coitianta chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar – Treoir 2013/32/AE – Airteagal 33(2)(a) – Doghlacthacht iarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dhéanamh i mBallstát ag náisiúnach tríú tír ar deonaíodh stádas dídeanaí i mBallstát eile dó, cé go bhfuil leanbh mionaoiseach an náisiúnaigh sin, a bhfuil stádas tairbhí cosanta coimhdí aige, ina chónaí sa chéad Bhallstát – Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Airteagal 7 – Ceart go ndéanfar an saol teaghlaigh a urramú – Airteagal 24 – Leas an linbh – Easpa sáraithe ar Airteagail 7 agus 24 den Chairt um Chearta Bunúsacha mar gheall ar dhoghlacthacht an iarratais ar chosaint idirnáisiúnta – Treoir 2011/95/AE – Airteagal 23(2) – Oibleagáid ar na Ballstáit go ndéanfar caomhnú aontacht an aonaid teaghlaigh atá ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta a áirithiú)***

(2022/C 165/16)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Conseil d'État

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* XXXX

*Cosantóir:* Commissaire général aux réfugiés et aux apatrides

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 33(2)(a) de Threoir 2013/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le nósanna imeachta coiteanna chun cosaint idirnáisiúnta a dheonú agus a tharraingt siar, léite i bhfianaise Airteagal 7 agus Airteagal 24(2) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú amhail nach gcuirtear toirmeasc ar Bhallstát an chumhacht a chuirtear ar fáil dó leis an bhforáil sin a fheidhmiú chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhiúltú mar dhoghlactha ar an bhforas gur dheonaigh Ballstát eile stádas dídeanaí cheana féin don iarratasóir ag Ballstát eile, i gcás inarb athair linbh mionaoiseach atá scartha dó agus ar deonaíodh cosaint dó sa chéad Bhallstát é an t-iarratasóir, gan dochar, áfach, do chur i bhfeidhm Airteagal 23(2) de Threoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le caighdeáin i dtaca le cáiliú náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, ar mhaithe le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach, agus inneachar na cosanta a thugtar.

([1]) IO C 9 an 11.01.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Bucureşti – an Rómáin – Alstom Transport SA v Compania Naţională de Căi Ferate CFR SA, Strabag AG – Sucursala Bucureşti, Swietelsky AG Linz – Sucursala Bucureşti**

**(Cás C-532/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 92/13/CEE – Nósanna imeachta um soláthar d'eintitis a oibríonnin earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide – Airteagal 1(1) agus (3) – Rochtain ar imeachtaí achomhairc – Airteagal 2c – Teorainneacha ama chun imeachtaí achomhairc a thionscnamh – Ríomh – Achomharc ar chinneadh lena gceadaítear do thairgeoir páirt a ghlacadh)***

(2022/C 165/17)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Bucureşti

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Alstom Transport SA

*Cosantóirí:* Compania Naţională de Căi Ferate CFR SA, Strabag AG – Sucursala Bucureşti, Swietelsky AG Linz – Sucursala Bucureşti

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 1(1)(4) agus 1(3)(, chomh maith le hAirteagal 2c de Treoir 92/13/CEE ón gComhairle an 25 Feabhra 1992 lena gcomhordaítear na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhaineann le rialacha an Chomhphobail a chur i bhfeidhm maidir le nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na teileachumarsáide, arna leasú le Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014, a léiriú amhail go gciallaítear gur féidir an tréimhse ina bhféadfadh tairgeoir rathúil conartha achomharc a thaisceadh i gcoinne chinneadh an eintitis chonarthaigh lenar fógraíodh, laistigh de chreat chinneadh an chonartha sin a bhronnadh, go raibh tairscint tairgeora nár bhuaigh an conradh inghlactha ríofa tríd an dáta a fuair an tairgeoir rathúil sin cinneadh an chonartha a bronnadh ón údarás conarthach a ghlacadh mar phointe tagartha, fiú, ar an dáta sin, murar thaisc an tairgeoir nár bhuaigh an conradh, nó murar thaisc an tairgeoir sin go fóill, iarratas ar athbhreithniú. De rogha air sin, le linn fhógra nó fhoilsiú an chinnidh sin, más rud é nár cuireadh achoimre ar na cúiseanna ábhartha maidir leis an gcinneadh, amhail an fhaisnéis a bhaineann leis na nósanna imeachta um measúnú a dhéanamh ar an tairiscint sin, i gcomhréir le hAirteagal 2c, in iúl don tairgeoir rathúil, ní mór an teorainn ama sin a ríomh trí fhógra i leith na hachoimre sin a thabhairt don tairgeoir rathúil céanna a úsáid mar phointe tagartha.

---

([1]) IO C 53 an 15.02.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos Aukščiausiasis Teismas – an Liotuáin) –"Tiketa" UAB v M.Š.**

**(Cás C-536/20)** ([1])

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2011/83/AE – Conarthaí tomhaltóirí – An coincheap "tradálaí" – Oibleagáid faisnéis a soláthar maidir le cianchonarthaí – Ceanglas go gcuirfear an fhaisnéis riachtanach ar fáil i dteanga shoiléir agus intuigthe agus ar mheán marthanach)***

(2022/C 165/18)

*Teanga an cháis: an Liotuáinise*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos Aukščiausiasis Teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Tiketa" UAB

*Cosantóir:* M.Š.

*Páirtí eile sna himeachtaí:* "Baltic Music" VšĮ

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 2, pointe 2 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón Comhairle a léirmhíniú amhail is go gciallaítear maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú chun críoch a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm féin i ndáil le conarthaí clúdaithe faoin Treoir sin, agus chomh maith duine nádúrtha nó dlítheanach atá ag gníomhú mar idirghabhálaí, in ainm nó thar cheann an duine sin, is "trádálaí", iad de réir bhrí na forála sin, de bharr go bhféadfaí an t-idirghabhálaí agus an promhthrádálaí a aicmiú mar "trádálaí" chun críche na forála sin, gan aon ghá a chruthú go bhfuil seirbhisí á soláthar faoi dhó;

2. Ní mór Airteagal 6(1) agus (5) agus Airteagal 8(1) agus (7) de Treoir 2011/83 a léirmhíniú nach gcuirtear cosc ar fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a thabhairt don tomhaltóir, sula dtabharfar an conradh i gcrích, ach amháin sna téarmaí agus coinníollacha ginearálta maidir le seirbhisí a sholáthar ar shuíomh gréasáin an idirghabhálaí, a ghlacann an tomhaltóir go gníomhach trí thic a chur sa bhosca atá ar fáil chun na críche sin, ar choinníoll go mbeidh an t-eolas sin ar fáil don tomhaltóir ar mhodh soiléir agus intuigthe. Ní féidir an modh sin maidir le faisnéis a chur ar fáil, áfach, a chur in ionad gníomhú mar ionadaí do dheimhniú an chonartha a sholáthar don tomhaltóir ar mheán marthanach, de réir bhrí Airteagal 8(7) den Treoir sin, de bharr nach gcuirtear cosc leis an méid sin ar an bhfaisnéis bheith ina cuid dhílis den chianchonartha nó conradh seacháitribh.

---

([1]) IO C 19, 18.1.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Okręgowy w Warszawie – an Pholainn) – ORLEN KolTrans sp. z o.o. v Prezes Urzędu Transportu Kolejowego**

**(Cás C-563/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Iompar ar iarnród – Treoir 2001/14/CE – Airteagal 4 – Muirir ar bhonneagar a shocrú le cinneadh an bhainisteora – Airteagal 30(2) – Cearta gnóthas iarnróid chun caingean riaracháin a thógáil – Airteagal 30(6) – Athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an chomhlachta rialála)*

(2022/C 165/19)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Okręgowy w Warszawie

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: ORLEN KolTrans sp. z o.o.

*Cosantóir*: Prezes Urzędu Transportu Kolejowego

**An chuid oibríochtúil**

1. Ní mór Airteagal 30(20)(e) de Threoir 2001/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2001 maidir le toilleadh bonneagair iarnróid a leithdháileadh agus muirir ar úsáid bonneagair agus ar dheimhniúchán sábháilteachta a ghearradh, arna leasú le Treoir 2007/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007, a léirmhíniú nach rialaítear léi cearta gnóthais iarnróid, a úsáideann nó a bheartaíonn an bonneagar iarnróid a úsáid, chun páirt a ghlacadh in aon nós imeachta arna sheol ag an gcomhlacht rialála chun críche cinneadh lena gceadaítear nó lena ndiúltaítear dréachtráta aonaid a ghlacadh don luach bunúsach d'íosrochtain ar bhonneagar arna thíolacadh ag bainisteoir bonneagair;

2. Ní mór Airteagal 30(6) de Threoir 2001/14, arna leasú le Treoir 2007/58 a léirmhíniú amhail is go gciallaítear nach mór do ghnóthas iarnróid, a úsáideann nó a bheartaíonn an bonneagar iarnróid a úsáid, a bheith in ann agóid a dhéanamh os comhair na cúirte a bhfuil dlínse aici, i gcoinne chinneadh an comhlachta rialála lena gceadaítear rátaí aonaid den luach bunúsach d'íosrochtain ar bhonneagar arna bhunú ag an mbainisteoir bonneagair.

[1] IO C 44, 08.02.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Cúigiú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Înalta Curte de Casație şi Justiție – an Rómáin) – SC Cridar Cons SRL v Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca**

**(Cás C-582/20)** [1]

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhchóras cánach breisluacha – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 167 agus 168 – Ceart asbhainte – Diúltú – Imgabháil cánach – Riaradh fianaise – Imeachtaí ar gearán riaracháin i gcoinne fógra cáin a diúltaíonn an ceart chun asbhaint, go dtí go bhfaightear toradh imeacht coiriúil – Neamhspleáchas na Ballstáit ó thaobh nósanna imeachta de – Prionsabal an neodracht chánach – An ceart chun dea-riaracháin – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh)*

(2022/C 165/20)

*Langue de procédure: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Înalta Curte de Casație şi Justiție

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* SC Cridar Cons SRL

*Cosantóir:* Administrația Județeană a Finanțelor Publice Cluj, Direcția Generală Regională a Finanțelor Publice Cluj-Napoca

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006, maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, agus Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, a léirmhíniú amhail nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena n-údaraítear do na húdaráis cánach náisiúnta scrúdú ar ghearán riaracháin a chur ar fionraí ar gearán é a bhaineann le fógra measúnachta lena ndiúltaítear do dhuine inchánach an ceart CBL ar ionchur a asbhaint de bharr go raibh an duine sin rannpháirteach in imghabháil cánach, d'fhonn fianaise oibiachtúil bhreise a aimsiú i leith na rannpháirtíochta sin, ar choinníoll, sa chéad áit nach mbeidh moill ar thoradh nós imeachta an ghearáin riaracháin thar thréimhse réasúnta de bharr an bhaic sin, sa dara háit, go mbeidh an cinneadh réasúnaithe sa dlí agus le fíricí agus go bhféadfadh sé a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach agus sa tríú háit, má chinntear ar deireadh gur diúltaíodh an ceart asbhainte de shárú ar dlí an Aontais, gur féidir leis an duine inchánach aisíocaíocht a fháil den tsuim fhreagrach laistigh de thréimhse réasúnach ama, agus i gcás inarb infheidhme, ús ar riaráistí freagrach. Faoi na coinníollacha sin, ní gá, le linn an bhaic ar imeachtaí sin, go mbainfeadh an duine inchánach tairbhe as bac ar fhorghníomhú an fhógra sin, ach amháin i gcás amhras maidir le dlíthiúlacht an fhógra, má tá deonú an bhaic ar fhorghníomhú ag teastáil don fhógra céanna chun damáiste dairíre agus doleasaithe do leas an duine cánach a sheachaint.

(1) IO C 53, 15.02.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 3 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Corte suprema di cassazione – an Iodáil) – Presidenza del Consiglio dei Ministri e.a. v UK e.a.**

**(Cás C-590/20)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i leith gníomhachtaí dochtúirí – Treoracha 75/363/CEE agus 82/76/CEE – Oiliúint speisialtóirí – Luach saothair iomchuí – Feidhmiú Threoir 82/76/CEE ar oiliúint a tosaíodh roimh an dáta arna teacht i bhfeidhm agus a lean ar aghaidh tar éis dhul in éag an spriocdháta trasuí)***

(2022/C 165/21)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Corte suprema di cassazione

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Presidenza del Consiglio dei Ministri e.a.

*Cosantóir:* UK e.a.

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 2(1)(c), Airteagal 3(1) agus (2) agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 75/63/CEE ón gComhairle an 16 Meitheamh 1975, maidir le comhordú forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i leith gníomhaíochtaí dochtúirí, arna leasú le Treoir 82/76/CEE ón gComhairle, a léirmhíniú amhail is go gciallaítear nach mór d'aon oiliúint speisialtóirí páirt-aimseartha nó lán-aimseartha, a tosaíodh roimh an teacht i bhfeidhm, an 29 Eanáir 1982, de Threoir 82/76 agus a lean ar aghaidh tar éis an 1 Eanáir 1983, spriocdháta trasuí na Treorach sin, le haghaidh thréimhse na hoiliúna ón 1 Eanáir 1983 go dtí deireadh na hoiliúna, luach saothair iomchuí a fháil, de réir bhrí na hIarscríbhinne sin, ar choinníoll go mbaineann an oiliúint le speisialtóireacht leighis is coiteann leis na mBallstáit go léir nó le dhá cheann nó níos mó ná mar luaiteá luaitear in Airteagail 5 nó 7 de Threoir 75/363/cé ón gComhairle an 16 Meitheamh 1975, a bhaineann le dioplómaí, teastais nó fianaise eile de cáilíochtaí leighis a aithint go frithpháirteach, lena n-áirítear bearta chun an ceart bunaíochta agus soarsholáthar seirbhísí a éascú.

(1) Dáta taiscthe: 10/11/2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo – an Phortaingéil) – Suzlon Wind Energy Portugal – Energia Eólica Unipessoal, Lda v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-605/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Cáin – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 2(1)(c) – Infheidhmeacht ratione temporis – Seirbhisí atá faoi réir CBL – Soláthar seirbhisí ar comaoin – Critéir – Caidreamh laistigh de ghrúpa – Soláthar a bhaineann le comhábhair tuirbíní gaoithe a deisiú nó a athsholáthar faoi ráthaíocht agus tuarascálacha neamh-chomhréireachta a dhéanamh – Nótaí sochair eisithe ag an soláthraí seirbhíse gan trácht ar CBL – Asbhaint ag an soláthróir ar CBL a ghearrtar ar earraí agus seirbhisí atá sonraisc déanta ag na fochonraitheoirí do na seirbhísí céanna)***

(2022/C 165/22)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Supremo Tribunal Administrativo

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Suzlon Wind Energy Portugal – Energia Eólica Unipessoal, Lda

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An chuid oibríochtúil den bhreithiúnas**

Ní mór Airteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha a léirmhíniú amhail is go gciallaítear maidir leis na hidirbhearta laistigh de chreat conarthach lena n-aithnítear soláthróir seirbhísí, an ceannaitheoir agus cineál na seirbhísí sin, cúntas cuí ina leith tugtha ag an duine inchánach, le teideal lena ndearbhaítear cineál seirbhísí agus go raibh cúiteamh faighte ag an soláthróir seirbhísí arb ionann é agus luach iarbhír na seirbhísí sin bhfoirm nótaí sochair, is ionann iad agus soláthar serbhísí ar comaoin de réir bhrí na forála sin, d'ainneoin, sa chéad áit, aon bhrabús don duine inchánach agus, sa dara háit, ráthaíocht a bheith ann a bhaineann leis na hearraí ar soláthraíodh na seirbhísí sin ina leith.

[1] IO C 44, 08.02.2021

**Breithiúnas na Cúirte (an Seachtú Dlísheomra) an 24 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour d'appel de Liège –an Bheilg) – Pharmacie populaire – La Sauvegarde SCRL v État belge (C-52/21), Pharma Santé – Réseau Solidaris SCRL v État belge (C-53/21),**

**(Cásanna Uamtha C-52/21 agus C-53/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Saoirse chun seirbhísí a sholáthar – Airteagal 56 CFAE – Srianta – Reachtaíocht chánach – Cáin chorparáide – Oibleagáid atá ar cheannaitheoirí seirbhísí doiciméid tacaíochta a tharraingt suas agus a sheoladh chuig na húdaráis chánach maidir leis na méideanna a ndearna na soláthróirí seirbhísí a bunaíodh i mBallstát eile sonrasc ina leith – Gan oibleagáid a bheith ann i gcás seirbhísí inmheánacha – Réasúnú – Éifeachtach na maoirseachta fioscaí – Comhréireacht)***

(2022/C 165/23)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Cour d'appel de Liège

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Pharmacie populaire – La Sauvegarde SCRL (C-52/21), Pharma Santé – Réseau Solidaris SCRL (C-53/21),

*Cosantóir:* État belge (C-52/21 agus C-53/21)

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 56 CFAE a léirmhíniú go gcuirtear cosc ar reachtaíocht Bhallstáit lena gceanglaítear go ndéanfaidh aon chuideachta bunaithe ar chríoch an Ballstáit sin ráitis a chur faoi bhráid na n-údarás cánach maidir leis na híocaíochtaí le haghaidh seirbhísí arna gceannach ó sholáthróirí bunaithe i mBallstát eile, ina bhfuil siad faoi réir na reachtaíochta maidir le cuntasaíocht gnóthas chomh maith leis an oibleagáid i leith sonraisc a eisiúint i gcomhréir le reachtaíocht maidir le cáin bhreisluacha, agus i gcás go mainnítear sin, faoi phionós de thobhach cánach corparáide 50 % nó 100 % de luach na seirbhísí sin, de réir cleachtas riaracháin, ní chuireann an chéad Bhallstát sin forchur i leith aon oibleagáid choibhéiseach i gcás go soláthraíonn soláthróirí arna mbunú ar a chríoch na seirbhísí sin.

(1) IO C 128, 12.04.2021

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Curtea de Apel Craiova – an Rómáin) – imeachtaí a thionscain RS**

**(Cás C-430/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – An smacht reachta – Neamhspleáchas na mbreithiúna – An dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE – Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Tosaíocht dhlí an Aontais – Easpa dlínse cúirte náisiúnta chun scrúdú a dhéanamh ar chomhréireacht le dlí an Aontais maidir le reachtaíocht náisiúnta a mheastar a bheith i gcomhréir leis an mBunreacht ag cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann – Imeachtaí araíonachta)***

(2022/C 165/24)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Curtea de Apel Craiova

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* RS

**An chuid oibríochtúil**

1) Ní mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú amhail go gcuirtear bac léi ar reachtaíocht náisiúnta nó ar chleachtas náisiúnta lena dtugtar le tuiscint nach bhfuil sé de chumhacht ag gnáthchúirteanna Ballstáit scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht reachtaíochta náisiúnta le dlí an Aontais a chinn cúirt bhunreachtúil an Bhallstáit sin a bheith comhsheasmhach le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais.

2) Ní mór an dara fomhír d'Airteagal 19(1) CAE, arna léamh in éineacht le hAirteagail 2 agus 4(2) agus (3) CAE, le hAirteagal 267 CFAE agus le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais a léirmhíniú amhail go gcuirtear cosc ar reachtaíocht nó ar chleachtas náisiúnta lena gceadaítear do chúirt náisiúnta dliteanas araíonachta a thabhú ar an bhforas go bhfuil dlí an Aontais, arna léirmhíniú ag an gCúirt, curtha i bhfeidhm ag an gCúirt, trí imeacht ó chásdlí chúirt bhunreachtúil an Bhallstáit lena mbaineann.

(1) IO C 371 an 03.11.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Feabhra 2022 (iarrataí ar réamhrialú ón Rechtbank Amsterdam – an Ísiltír) – Forghníomhú barántas gabhála Eorpach a eisíodh i gcoinne X (C-562/21 PPU), Y (C-563/21 PPU)**

**(Cásanna Uamtha C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Nós imeachta práinne um réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit – Coinníollacha maidir le forghníomhú – An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An dara mír d'Airteagal 47 – Ceart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí – Easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe – Measúnú dhá chéim – Critéir maidir le cur i bhfeidhm – Oibleagáid ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach fíorú ar mhodh nithiúil agus beacht an bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe ann chun a chreidiúint go bhfuil, i gcás go dtugtar suas an duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach, fíorbhaol ann go sárófar a cheart bunúsach chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta arna bunú roimhe sin le dlí)***

(2022/C 165/25)

*Teanga an cháis: an Ollainis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Rechtbank Amsterdam

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* X (C-562/21 PPU) Y (C-563/21 PPU)

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 1(2) agus (3) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 a léirmhíniú sa chaoi go gciallaíonn sé i gcás ina bhfuil fianaise ag an údarás breithiúnach forghníomhaitheach a dtugtar air cinneadh a dhéanamh maidir le duine is ábhar do bharántas gabhála Eorpach a thabhairt suas, lena dtugtar le fios go bhfuil easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe maidir le neamhspleáchas bhreithiúnacht an Bhallstáit eisiúna, go háirithe maidir leis an nós imeachta chun comhaltaí na breithiúnachta a cheapadh, nach bhféadfaidh an t-údarás sin diúltú don duine sin a thabhairt suas:

— i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, ach amháin má chinneann an t-údarás sin go bhfuil, in imthosca sonracha an cháis, forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, ag cur san áireamh go háirithe an fhaisnéis a sholáthair an duine sin a bhaineann le comhdhéanamh fhoirmíocht na cúirte a rinne a chás coiriúil a éisteacht nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta sin a mheasúnú, gur sáraíodh ceart bunúsach an duine sin chun triail chóir a fháil os comhair cúirt neamhspleách agus neamhchlaonta, arna bunú roimhe sin le dlí, a chumhdaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt, agus

— i gcomhthéacs barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun críoch ionchúisimh choiriúil, ach amháin má chinneann an t-údarás céanna sin, in imthosca sonracha an cháis, go bhfuil forais shubstaintiúla agus chruthaithe lena chreidiúint, agus an fhaisnéis a sholáthair an duine lena mbaineann á cur san áireamh go háirithe maidir lena chúinsí pearsanta, cineál an chiona a bhfuil sé á ionchúiseamh ina leith, an comhthéacs fíorasach lena mbaineann an barántas gabhála Eorpach nó aon imthosca eile atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na foirmíochta cúirte ar dócha go n-iarrfar uirthi na himeachtaí a bhaineann leis an duine sin a éisteacht, go bhfuil, i gcás é a thabhairt suas, an duine sin i bhfíorbhaol go sárófar an ceart bunúsach sin.

[1] IO C 2 an 3.01.2022

**Ordú na Cúirte (Naoú Dlísheomra) an 10 Eanáir 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale di Parma – an Iodáil) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne ZI, TQ**

**(Cás C-437/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Cearrbhachas – Ceadúnais bailiúcháin geallta – Síneadh le ceadúnais a deonadh cheana – Ionaid tarchuir sonraí (ITS) atá i mbun na gníomhaíochta sin gan cheadúnas agus gan údarú na bpóilíní a thabhairt chun rialtachta – Tréimhse theoranta – Iarraidh ar réamhrialú a bheith do-ghlactha go follasach)***

(2022/C 165/26)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale di Parma

**Páirtithe sna príomhimeachtaí coiriúla**

ZI, TQ

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú a thaisc an Tribunale di Parma (Cúirt Dúiche Parma, an Iodáil), trí chinneadh an 8 Samhain 2019, do-ghlactha go follasach.

(1) a taisceadh an 17/09/2020

---

**Ordú na Cúirte (an Deichiú Dlísheomra) an 21 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Commissione tributaria provinciale di Roma – an Iodáil) Leonardo SpA v Agenzia delle Entrate – Direzione Regionale del Lazio**

**(Cás C-550/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2), agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte – Comhchóras cánach breisluacha – Easpa sonraí dóthanacha – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2022/C 165/27)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Commissione tributaria provinciale di Roma

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Leonardo SpA

*Cosantóir:* Agenzia delle Entrate – Direzione Regionale del Lazio

**An chuid oibriochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú a chuir an Commissione tributaria provinciale di Roma (Coimisiún cánach cúige, an Róimh, an Iodáil), trí chinneadh an 21 Iúil 2021, do-ghlactha go follasach.

(1) Dáta an taiscthe: 06/09/2021.

**Ordú Uachtarán na Cúirte an 23 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Verwaltungsgericht Wiesbaden – an Ghearmáin) – TV v Land Hessen**

**(Cás C-63/22)** [1]

***(Cosaint sonraí pearsanta – Gníomhaireacht faisnéise (oifig um fhaisnéis eacnamaíoch) – Measúnú ar shócmhainneacht (“scóráil”) daoine nádúrtha ar bhonn faisnéise neamhfhíoraithe arna soláthar ag creidiúnaithe – Dlíthiúlacht na próiseála sonraí agus freagracht chomhpháirteach as an bpróiseáil sin)***

(2022/C 165/28)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Verwaltungsgericht Wiesbaden

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* TV

*Cosantóir:* Land Hessen

*Páirtí eile:* SCHUFA Holding AG

**An chuid oibríochtúil**

Bainfear Cás C-63/22 ó chlár na Cúirte.

(1) Dáta taiscthe: 01/02/2022

---

**Achomharc arna thabhairt an 24 Bealtaine 2021 ag Roberto Alejandro Macías Chávez, José María Castillejo Oriol, Fernando Presencia i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 27 Aibreán 2021 i gCás T-719/20, Macías Chávez agus páirtithe eile v An Spáinn agus an Pharlaimint**

**(Cás C-322/21 P)**

(2022/C 165/29)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* Roberto Alejandro Macías Chávez, José María Castillejo Oriol y Fernando Presencia (ionadaí: J. Jover Padró, Dlíodóir)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Parlaimint na hEorpa agus Ríocht na Spáinne

Le hordú an 1 Feabhra 2022, tá an Chúirt Bhreithiúnais (Deichiú Dlísheomra) tar éis an t-achomharc a dhíbhe i bpáirt mar achomharc atá doghlactha go follasach agus i bpáirt mar achomharc atá gan bunús go follasach, agus a chinneadh nach mór do na hiarratasóirí a gcostais féin a iompar.

**Achomharc arna thabhairt an 10 Meán Fómhair 2021 ag Acciona, S.A. i gcoinne breithiúnas na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 30 Meitheamh 2021 i gCás T-362/20, Acciona v EUIPO – Agencia Negociadora PB (REACCIONA)**

**(Cás C-557/21 P)**

(2022/C 165/30)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Acciona, S.A. (ionadaí: J. C. Erdozain López, Dlíodóir)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, Agencia Negociadora PB, S.L.

Le hordú an 27 Eanáir 2022, tá an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra a thugann breith ar iarratais go gceadófar d'achomhairc dul ar aghaidh) tar éis a chinneadh nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus nach mór do Acciona, S.A. a chostais féin a iompar.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Oberster Gerichtshof (an Ostair) a taisceadh an 25 Samhain 2021 – IEF Service GmbH v HB**

**(Cás C-710/21)**

(2022/C 165/31)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Curtea de Apel București 2021 (an Rómáin) a taisceadh an 21 Nollag 2021 – R.I. v Inspecția Judiciară, N.L.**

**(Cás C-817/21)**

(2022/C 165/32)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Înalta Curte de Casație și Justiție (an Rómáin) a taisceadh an 30 Nollag 2021 – Banca A v ANAF, Uachtarán ANAF**

**(Cás C-827/21)**

(2022/C 165/33)

*Teanga an cháis: an Rómáinis*

Tionscnaíodh an cás seo roimh an 1 Eanáir 2022, dáta deiridh an mhaolaithe ar an nGaeilge.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzhof (an Ghearmáin) a taisceadh an 6 Eanáir 2022 – RF v Finanzamt G**

**(Cás C-15/22)**

(2022/C 165/34)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzhof

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir ar phointe dlí:* RF

*Freagróir san achomharc ar phointe dlí:* Finanzamt G

**An cheist a tharchuirtear**

An bhfuil Airteagal 4(3) CAE agus Airteagal 208 i gcomhar le hAirteagal 210 CFAE le léirmhíniú sa chaoi is go gcuirtear bac ar chleachtas riaracháin náisiúnta faoi nach ligfear le díolmhú ó cháin i gcásanna ina bhfuil tionscadail comhair forbraíochta á maoiniú ag an gCiste Eorpach Forbraíochta, cé go ndéantar, faoi choinníollacha áirithe, tuarastal a dhíolmhú ó cháin, ar tuarastal é a thuilleann oibrí ó chaidreamh fostaíochta reatha i ndáil le gníomhaíocht a bhaineann leis an gcúnamh forbraíochta oifigiúil sa Ghearmáin mar chuid den chomhar airgeadais nó teicniúil arna mhaoiniú go dtí ar a laghad 75 % ag Aireacht Chónaidhme a bhfuil freagracht uirthi as comhar forbraíochta nó ag comhlachas príobháideach um chúnaimh forbraíochta de chuid an Stáit?

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa — CAAD) (an Phortaingéal) a taisceadh an 10 Eanáir 2022 — Caxamar — Comércio e Indústria de Bacalhau, S.A. v Autoridade Tributária e Aduaneira**

**(Cás C-23/22)**

(2022/C 165/35)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal Arbitral Tributário (Centro de Arbitragem Administrativa — CAAD)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Caxamar — Comércio e Indústria de Bacalhau, S.A.

*Cosantóir:* Autoridade Tributária e Aduaneira

**An cheist a tharchuirtear:**

An féidir, le léirmhíniú ceart ar na Treoirlínte maidir le Státchabhair Réigiúnach le haghaidh 2014-2020, i ndáil lena bhforáiltear le Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2014, ([1]) go háirithe le hAirteagail 1 agus 2(11); le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, ([2]) agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, teacht ar an gconclúid, i gcomhréir le hairteagal 2(2), agus airteagal 22(1), den Código Fiscal do Investimento (Cód Fioscach na hInfheistíochta), arna fhormheas le Decreto-Lei n.º 162/2014 (Dlí Foraithne Uimh. 162/2014), an 31 Deireadh Fómhair, agus [le] airteagail 1 agus 2 den Portaria n.º 282/2014 (Ordú ón Aire Uimh. 282/2014), an 30 Nollaig, nach ionann gníomhaíocht próiseála táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bhaineann le “bacalao salado”, “bacalao congelado” agus “bacalao desalado”, a chumhdaítear i gCód CAE 10204Rev3, agus gníomhaíocht próiseála táirgí talmhaíochta chun críocha na cabhrach fioscaí atá beartaithe?

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 an 17 Meitheamh 2014 lena sonraítear catagóirí áirithe cabhrach atá comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus Airteagail 107 agus 108 den Chonradh á gcur i bhfeidhm (IO L 187, 26.6.2014, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO 2013, L 354, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ón Pesti Központi Kerületi Bíróság (an Ungáir) a taisceadh an 25 Eanáir 2022 – PannonHitel Pénzügyi Zrt v Wizz Air Hungary Légiközlekedési Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.)

**(Cás C-51/22)**

(2022/C 165/36)

*Teanga an cháis: an Ungáiris*

### An chúirt a rinne an tarchur

Pesti Központi Kerületi Bíróság

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* PannonHitel Pénzügyi Zrt

*Cosantóir:* Wizz Air Hungary Légiközlekedési Zrt. (Wizz Air Hungary Zrt.)

### An cheist a tharchuirtear:

Ar cheart Airteagal 5(1)(a) agus Airteagal 8(1)(a), an chéad fhleasc, agus mír 2 de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 11 Feabhra, 2004, lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh d'aerphaisinéirí i gcás go ndiúltaítear bordáil agus cealú nó moille fada ar eitiltí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 ([1]) a léirmhíniú sa chiall gur féidir leis an bpaisinéir a cheart a fheidhmiú go díreach i gcoinne an aeriompróra chun costas iomlán an ticéid a aisíoc ar an bpraghas ar ar ceannaíodh é, fiú nuair a bheidh an ticéad curtha in áirithe aige le cabhair ó thríú páirtí atá ag gníomhú mar idirghabhálaí, ar íoc an paisinéir praghas an ticéid leis, agus gurb é an t-idirghabhálaí a cheannaigh an ticéad ón aeriompróir agus a d'íoc [leis an dara ceann acu sin] praghas an ticéid, gan aon fhianaise gur ghníomhaigh an t-idirghabhálaí mar ghníomhaire údaraithe an aeriompróra nó gur oibreoir turasóireachta é?

([1]) IO 2004, L 46, lch. 1.

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgericht Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 1 Feabhra 2022 – IA v DER Touristik Deutschland GmbH

**(Cás C-62/22)**

(2022/C 165/37)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Frankfurt am Main

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* IA

*Cosantóir:* DER Touristik Deutschland GmbH

### An cheist a tharchuirtear

An bhfuil Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú) ([1]) le léirmhíniú sa chaoi is go gciallaíonn sé go leagtar síos leis an bhforáil sin, chomh maith le socrú maidir le dlínse idirnáisiúnta, socrú nach mór don chúirt ag tabhairt faoin mbreithniú a urramú maidir le dlínse chríche na gcúirteanna náisiúnta i gcásanna a bhaineann le conarthaí taistil má tá sainchónaí ag an tomhaltóir, mar thaistealaí, agus ag a pháirtí conarthach, an tionscnóir turas, sa Bhallstát céanna, cé nach bhfuil ceannphointe an turais sa Bhallstát sin ach i dtír eile, agus, mar thoradh air sin, gur féidir leis an tomhaltóir éilimh chonarthacha a thabhairt i gcoinne an tionscnóra turas, sa bhreis ar fhorálacha náisiúnta, sna cúirteanna den tír ina bhfuil sé ina shainchónaí.

([1]) IO 2012 L 351, lch. 1.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Consiglio di Stato (an Iodáil), a taisceadh an 1 Feabhra 2022 – Viagogo AG v Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni, Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato**

**(Cás C-70/22)**

(2022/C 165/38)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Consiglio di Stato

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: Viagogo AG

Freagróirí: Autorità per le Garanzie nelle Comunicazioni, Autorità Garante della Concorrenza e del Mercato

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An gcuirtear cosc le Treoir 2000/31/CE ([1]), agus go háirithe Airteagail 3, 14 agus 15 di, i gcomhar le hAirteagal 56 CFAE, ar chur i bhfeidhm reachtaíocht Ballstáit maidir le díolacháin ticéad le haghaidh imeachtaí ar an margadh tánaisteach a mbeidh d'éifeacht aige cosc a chur ar an oibreoir ardáin óstála a oibriú san Aontas Eorpach, amhail an t-iarratasóir sa chás seo, ó sheirbhísí lena bhfógraítear díol ticéad le haghaidh imeachtaí ar an margadh tánaisteach a sholáthar d'úsáideoirí tríú páirtí, agus an ghníomhaíocht sin a fhorchoimeád do dhíoltóirí amháin, eagraithe imeachtaí nó daoine eile atá údaraithe ag na húdaráis phoiblí ticéid a eisiúint ar an mbunmhargadh trí chórais dheimhnithe?

2) Ina theannta sin, an gcuirtear cosc le hAirteagal 102 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 106 de, ar chur i bhfeidhm reachtaíocht Ballstáit maidir le díol ticéad le haghaidh imeachtaí lena bhforchoimeádtar gach seirbhís a bhaineann leis an margadh tánaisteach do thicéid (agus bróicéireacht go háirithe) do dhíoltóirí, do lucht eagraithe imeachtaí nó do dhaoine eile atá údaraithe ticéid a eisiúint ar an mbunmhargadh trí chórais dheimhnithe amháin, trí chosc ar an ngníomhaíocht sin do sholáthraithe seirbhísí na sochaí faisnéise a bhfuil sé beartaithe acu oibriú mar sholáthraí óstála de bhun Airteagail 14 agus 15 de Threoir 2000/31/CE, go háirithe i gcás, amhail an cás seo, ina mbeidh d'éifeacht ag forchoimeádas den sórt sin cead a thabhairt d'oibreoir atá ceannasach ar an mbunmhargadh maidir le dáileadh ticéad a cheannas a leathnú ar sheirbhísí bróicéireachta ar an margadh tánaisteach?

3) Chun críoch reachtaíocht Eorpach agus, go háirithe, Threoir 2000/31/CE, an féidir an coincheap maidir le soláthraí óstála éighníomhach a úsáid ach amháin in éagmais aon ghníomhaíocht a bhaineann le scagadh, roghnú, innéacsú, eagrú, catalógú, comhiomlánú, meastóireacht, úsáid, modhnú, eastóscadh nó cur chun cinn na n-ábhar arna bhfoilsiú ag úsáideoirí, a mheastar a bheith ina dtáscairí léiriúcháin nach gcaithfidh uile a bheith ann ós rud é go measfar ina gceart féin go léiríonn siad bainistíocht gnó na seirbhíse agus/nó glacadh le teicníc chun iompar úsáideoirí a mheasúnú chun a ndílseacht a mhéadú, nó an é faoin gcúirt a rinne an tarchur ábharthacht na gcúinsí sin a mheasúnú ionas, má tá ceann amháin nó níos mó acu ann, go bhféadfadh neodracht na seirbhíse as a dtagann aicmiú mar sholáthraí óstála éighníomhach a mheastar a bheith sáraitheach?

([1]) Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe dlíthiúla áirithe de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ("An Treoir maidir le tráchtáil leictreonach") (IO 2000 L 178, lch. 1).

**Achomharc arna thabhairt an 3 Feabhra 2022 ag Grupa Azoty S.A., Azomureș SA, Lipasmata Kavalas LTD Ypokatastima Allodapis i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 29 Samhain 2021 i gCás T-726/20, Grupa Azoty agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-73/22 P)**

(2022/C 165/39)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóirí:* Grupa Azoty S.A., Azomureș SA, Lipasmata Kavalas LTD Ypokatastima Allodapis (ionadaithe: D. Haverbeke, L. Ruessmann agus P. Sellar, avocats)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar ceal; agus

— a dhearbhú go bhfuil iarratas na n-achomharcóirí faoi Airteagal 263 CFAE go gcuirfear ar neamhní, go páirteach, an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 dar teideal "Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021" ([1]) inghlactha; nó

— mar mhalairt air sin, an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar ceal ar an bhforas gur cheart don Chúirt Ghinearálta a breith maidir le hinghlacthacht a fhorchoimeád go dtí go ndéanfar tuillteanas shubstaint an iarratais a bhreithniú; agus

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun tuillteanas an cháis a bhreithniú; agus

— costais na n-imeachtaí seo a dhámhachtain do na hachomharcóirí; agus

— an cheist maidir le costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a fhorchoimeád go dtí go bhfuil a breithniú iomlán déanta aici ar an iarratas.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn na hachomharcóirí dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí: ráiteas neamhleor ar na cúiseanna.

— Níor fheidhmigh an Chúirt Ghinearálta a dualgas maidir le cúiseanna a lua mar is leor. Ar an gcéad dul síos, i míreanna 34 go 48 agus 49 go 51 den ordú atá faoi achomharc, mhainnigh an Chúirt Ghinearálta aghaidh a thabhairt ar na hargóintí a chuir na hachomharcóirí faoina bráid agus fíorais an cháis os a comhair a fhionnadh. Ar an dara dul síos, mhainnigh sí a mhíniú cén fáth nach féidir ach cinntí ón gCoimisiún arna nglacadh faoi chuid shonrach de reachtaíocht thánaisteach, agus na cinntí sin amháin, a bheith de chúram díreach ag na hachomharcóirí. Baineann sé sin le mír 38 den ordú atá faoi achomharc.

An dara saincheist dlí: rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag maíomh nach de chúram díreach ag na hachomharcóirí é.

— I míreanna 26 go 30 den ordú atá faoi achomharc, tagraíonn an Chúirt Ghinearálta do chásdlí socair chun an teist i ndáil le cúram díreach a athlua. Mar chuid den teist sin i ndáil le cúram díreach, ní mór don Chúirt Ghinearálta measúnú a dhéanamh ar inneachar, cineál, cuspóir agus substaint an ghnímh atá faoi chonspóid, chomh maith leis an gcomhthéacs dlí agus na fíorais a bhaineann leis. Toisc gur mhainnigh sí é sin a dhéanamh, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus measúnú á dhéanamh aici ar an gceanglas maidir le "cúram díreach" faoi Airteagal 263 CFAE. Baineann sé sin le míreanna 34 go 48 den ordú atá faoi achomharc. Is é atá déanta ag an gCúirt Ghinearálta ná na hachomharcóirí a fhágáil gan leigheas dlí. Toisc gur mhainnigh sí an teist i ndáil le cúram díreach a leanúint agus a chur i bhfeidhm i gceart, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.

Mar mhalairt air sin, ba cheart don Chúirt Ghinearálta a breith maidir le hinghlacthacht a fhorchoimeád go dtí go raibh breith déanta ar thuillteanas an iarratais.

— I míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 130(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, éilítear ar an gCúirt Ghinearálta a breith ar shaincheist dlí maidir le do-ghlacthacht a fhorchoimeád don bhreithiúnas críochnaitheach in imthosca cuí, agus teorainneacha ama nua do na céimeanna eile sna himeachtaí a fhorordú. I gcomhréir le cásdlí socair, bíonn na himthosca cuí sin ann i gcás ina bhfuil gá é a fhorchoimeád ar mhaithe leis an gceartas a riar mar is cuí.

— Bhí sé de cheangal ar an gCúirt Ghinearálta cineál, inneachar agus comhthéacs an ghnímh atá faoi chonspóid a mheas chun a chinneadh an raibh sé de chúram díreach ag na hachomharcóirí. Chuige sin, is gá féachaint ar shubstaint an ghnímh agus féachaint an bhforchuirtear oibleagáidí neamhspleácha dlí ar Bhallstáit leis. Tá an measúnú sin ag teacht leis an gcéad saincheist dlí maidir le tuillteanas an cháis a bhaineann le heaspa inniúlachta an Choimisiúin chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an ngníomh atá faoi chonspóid a ghlacadh. Toisc nár bhforchoimeád sí a breith ar shaincheist dlí an Choimisiúin maidir le do-ghlacthacht go dtí gur éist sí na hargóintí ar thuillteanas an cháis, sháraigh an Chúirt Ghinearálta na forálacha i míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 130 dá Rialacha Nós Imeachta.

([1]) IO 2020 C 317, lch. 5.

**Achomharc arna thabhairt an 4 Feabhra 2022 ag Advansa Manufacturing GmbH, Beaulieu International Group, Brilen, SA, Cordenka GmbH & Co. KG, Dolan GmbH, Enka International GmbH & Co. KG, Glanzstoff Longlaville, Infinited Fiber Company Oy, Kelheim Fibres GmbH, Nurel SA, PHP Fibers GmbH, Teijin Aramid BV, Thrace Nonwovens & Geosynthetics monoprosopi AVEE mi yfanton yfasmaton kai geosynthetikon proïonton, Trevira GmbH i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta (Cúigiú Dlísheomra) a fógraíodh an 29 Samhain 2021 i gCás T-741/20, Advansa Manufacturing agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-77/22 P)**

(2022/C 165/40)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharchóirí:* Advansa Manufacturing GmbH, Beaulieu International Group, Brilen, SA, Cordenka GmbH & Co. KG, Dolan GmbH, Enka International GmbH & Co. KG, Glanzstoff Longlaville, Infinited Fiber Company Oy, Kelheim Fibres GmbH, Nurel SA, PHP Fibers GmbH, Teijin Aramid BV, Thrace Nonwovens & Geosynthetics monoprosopi AVEE mi yfanton yfasmaton kai geosynthetikon proïonton, Trevira GmbH (ionadaithe: D. Haverbeke, L. Ruessmann agus P. Sellar, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Dralon GmbH, an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hachomharcóirí ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar ceal; agus

— a dhearbhú go bhfuil iarratas na n-achomharcóirí faoi Airteagal 263 CFAE go gcuirfear ar neamhní, go páirteach, an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2020 dar teideal “Treoirlínte i ndáil le bearta áirithe Státchabhrach i gcomhthéacs an chórais maidir le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa tar éis 2021” ([1]) inghlactha; nó

— mar mhalairt air sin, an t-ordú atá faoi achomharc a chur ar ceal ar an bhforas gur cheart don Chúirt Ghinearálta a breith maidir le hinghlacthacht a fhorchoimeád go dtí go ndéanfar tuillteanas shubstaint an iarratais a bhreithniú; agus

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun tuillteanas an cháis a bhreithniú; agus

— costais na n-imeachtaí seo a dhámhachtain do na hachomharcóirí; agus

— an cheist maidir le costais na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Ginearálta a fhorchoimeád go dtí go bhfuil a breithniú iomlán déanta aici ar an iarratas.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an achomharc, maíonn na hachomharcóirí dhá shaincheist dlí.

An chéad saincheist dlí: ráiteas neamhleor ar na cúiseanna.

— Níor fheidhmigh an Chúirt Ghinearálta a dualgas maidir le cúiseanna a lua mar is leor. Ar an gcéad dul síos, i míreanna 34 go 48 agus 49 go 51 den ordú atá faoi achomharc, mhainnigh an Chúirt Ghinearálta aghaidh a thabhairt ar na hargóintí a chuir na hachomharcóirí faoina bráid agus fíorais an cháis os a comhair a fhionnadh. Ar an dara dul síos, mhainnigh sí a mhíniú cén fáth nach féidir ach cinntí ón gCoimisiún arna nglacadh faoi chuid shonrach de reachtaíocht thánaisteach, agus na cinntí sin amháin, a bheith de chúram díreach ag na hachomharcóirí. Baineann sé sin le mír 38 den ordú atá faoi achomharc.

An dara saincheist dlí: rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus í ag maíomh nach de chúram díreach ag na hachomharcóirí é.

— I míreanna 26 go 30 den ordú atá faoi achomharc, tagraíonn an Chúirt Ghinearálta do chásdlí socair chun an teist i ndáil le cúram díreach a athlua. Mar chuid den teist sin i ndáil le cúram díreach, ní mór don Chúirt Ghinearálta measúnú a dhéanamh ar inneachar, cineál, cuspóir agus substaint an ghnímh atá faoi chonspóid, chomh maith leis an gcomhthéacs dlí agus na fíorais a bhaineann leis. Toisc gur mhainnigh sé é sin a dhéanamh, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí agus measúnú á dhéanamh aici ar an gceanglas maidir le “cúram díreach” faoi Airteagal 263 CFAE. Baineann sé sin le míreanna 34 go 48 den ordú atá faoi achomharc. Is é atá déanta ag an gCúirt Ghinearálta ná na hachomharcóirí a fhágáil gan leigheas dlí. Toisc gur mhainnigh sí an teist i ndáil le cúram díreach a leanúint agus a chur i bhfeidhm i gceart, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid dlí.

Mar mhalairt air sin, ba cheart don Chúirt Ghinearálta a breith maidir le hinghlacthacht a fhorchoimeád go dtí go raibh breith déanta ar thuillteanas an iarratais.

— I míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 130(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, éilítear ar an gCúirt Ghinearálta a breith ar shaincheist dlí maidir le do-ghlacthacht a fhorchoimeád don bhreithiúnas críochnaitheach in imthosca cuí, agus teorainneacha ama nua do na céimeanna eile sna himeachtaí a fhorordú. I gcomhréir le cásdlí socair, bíonn na himthosca cuí sin ann i gcás ina bhfuil gá é a fhorchoimeád ar mhaithe leis an gceartas a riar mar is cuí.

— Bhí sé de cheangal ar an gCúirt Ghinearálta cineál, inneachar agus comhthéacs an ghnímh atá faoi chonspóid a mheas chun a chinneadh an raibh sé de chúram díreach ag na hachomharcóirí. Chuige sin, is gá féachaint ar shubstaint an ghnímh agus féachaint an bhforchuirtear oibleagáidí neamhspleácha dlí ar Bhallstáit leis. Tá an measúnú sin ag teacht leis an gcéad saincheist dlí maidir le tuillteanas an cháis a bhaineann le heaspa inniúlachta an Choimisiúin chun Iarscríbhinn I a ghabhann leis an ngníomh atá faoi chonspóid a ghlacadh. Toisc nár bhforchoimeád sí a breith ar shaincheist dlí an Choimisiúin maidir le do-ghlacthacht go dtí gur éist sí na hargóintí ar thuillteanas an cháis, sháraigh an Chúirt Ghinearálta na forálacha i míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 130 dá Rialacha Nós.

(1) IO 2020 C 317, lch. 5.

**Iarraidh ar réamhrialú ón Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio (an Iodáil), an 9 Feabhra 2022 – Papier Mettler Italia S.r.l. v Ministero della Transizione Ecologica (ar a dtugtaí Ministero dell'Ambiente e della Tutela del Territorio e del Mare roimhe seo), Ministero dello Sviluppo Economico**

**(Cás C-86/22)**

(2022/C 165/41)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunale Amministrativo Regionale per il Lazio

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Papier Mettler Italia S.r.l.

*Cosantóirí:* Ministero della Transizione Ecologica (ar a dtugtaí Ministero dell'Ambiente e della Tutela del Territorio e del Mare roimhe seo), Ministero dello Sviluppo Economico

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An gcuirtear cosc le hAirteagal 114(5) agus (6) de CFAE mar aon le hAirteagal 16(1) de Threoir 94/62/CE, (1) chomh maith le hAirteagal 8 de Threoir 98/34 /CE, (2) ar chur i bhfeidhm forála den dlí náisiúnta amhail an ceann dá bhforáiltear ag an bhforaithne idir-aireachta atá faoi chonspóid, lena dtoirmisctear margaíocht málaí siopadóireachta plaisteacha aon úsáide as ábhair neamh-bhithmhillte, ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62/CE, i gcás nár thug an Ballstát fógra i leith na forála náisiúnta sin, ina bhfuil rialacha teicniúla níos déine ná mar atá i reachtaíocht an Aontais, don Choimisiún Eorpach roimh ré, ach tar éis an ghlactha amháin agus roimh fhoilsiú an bhirt?

2) An gá Airteagail 1, 2, 9(1), agus 18 de Threoir 94/62/CE, arna forlíonadh le hAirteagail 1, 2 agus 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir, a léirmhíniú go gcuirtear cosc ar rialacha náisiúnta a ghlacadh lena dtoirmisctear margaíocht a dhéanamh ar mhálaí siopadóireachta plaisteacha aon úsáide as ábhair neamh-bhithmhillte, ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62/CE, nó an féidir bonn cirt a thabhairt do rialacha breise teicniúla a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta bunaithe i gcás gurb é an cuspóir cosaint an chomhshaoil a áirithiú ar leibhéal níos airde, á gcur san áireamh más gá, na fadhbanna sonracha a bhaineann le bailiú dramhaíola sa Bhallstát agus an gá atá leis an Stát féin chun na hoibleagáidí Comhphobail a bheartaítear sa réimse gaolmhar sin a chur chun feidhme?

3) An gá Airteagail 1, 2, 9(1), agus 18 de Threoir 94/62/AE, arna forlíonadh le hAirteagail 1, 2 agus 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir, a léirmhíniú mar fhoráil shoiléir agus bheacht chun cosc a chur le haon bhacainní ar mhargaíocht málaí lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa Treoir agus atá mar thoradh dífheidhmiú riachtanach na reachtaíochta náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith éagsúil i ngach orgán den Bhallstát lena n-áirítear na húdaráis phoiblí?

4) Ar deireadh, dá nglacfaí reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cosc ar mhargaíocht málaí siopadóireachta plaisteacha aon úsáide as ábhair neamh-bhithmhillte, ach lena gcomhlíontar na ceanglais eile a leagtar síos i dTreoir 94/62/AE, i gcás nach bhfuil údar maith leis an reachtaíocht náisiúnta sin maidir leis an gcuspóir cosaint an chomhshaoil ar leibhéal níos airde a áirithiú, mar gheall ar na fadhbanna sonracha a bhaineann le bailiú dramhaíola sa Bhallstát agus an gá atá ag an Stát féin chun na hoibleagáidí Comhphobail a bheartaítear sa réimse gaolmhar sin a chur chun feidhme, an mbeadh an glacadh sin ina shárú tromchúiseach follasach ar Airteagal 18 de Threoir 94/62/AE?

(1) Treoir 94/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus dramhaíl ó phacáistiú (IO 1994 L 365, lch. 10).

(2) Threoir 98/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 lena leagtar síos nós imeachta maidir le soláthar faisnéise i réimse caighdeán agus rialachán teicniúil (IO 1998 L 204, lch. 37.).

**Iarraidh ar réamhrialú ó Landgericht Essen (an Ghearmáin) a taisceadh an 10 Feabhra 2022 – DC v HJ**

**(Cás C-97/22)**

(2022/C 165/42)

*Teanga an chais: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Essen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* DC

*Cosantóir:* HJ

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 14(5) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint ha hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] a léirmhíniú sa chaoi is go n-eisiatar, i gcás nach dtarraingíonn an custaiméir a dhearbhú intinne siar maidir le conradh tógála a chur i gcrích lasmuigh d'áitreabh gnó ach go dtí tar éis don chonraitheoir a sheirbhísí a chur ar fáil (ina n-iomláine), aon éileamh de chuid an chonraitheora ar chúiteamh nó maidir le cailleadh luacha nuair nach gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le hiarratas ar chúiteamh le haghaidh cailleadh luacha faoi na forálacha i ndáil leis na hiarmhairtí dlí a bhaineann le tarraingt siar, cé go bhfuil gnóthachan caipitiúil faighte ag an gcustaiméir mar thoradh ar sheirbhísí tógála an chonraitheora, eadhon, go ndearnadh é a shaibhriú?

(1) IO 2011 L 304, lch. 64.

# CHÚIRT GHINEARÁLTA

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 10 Feabhra 2022 – TO v European Environment Agency**

**(Cás T-434/21)** ([1])

(2022/C 165/43)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

Níl san Iris Oifigiúil seo ach na fógraí maidir le cásanna ar cuireadh clabhsúr leo roimh an 1 Eanáir 2022 agus mar sin níl leagan Gaeilge ar fáil.

([1]) IO C 349 an 30.8.2021

---

**Caingean arna tabhairt an 27 Eanáir 2022 – BNP Paribas v SRB**

**(Cás T-71/22)**

(2022/C 165/44)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* BNP Paribas (Páras, an Fhrainc) (ionadaí: A. Champsaur agus A. Delors, dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Bord Réitigh Aonair (BRA)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a ordú do BRA an plean réitigh iomláin a cheadaítear faoin gcinneadh réitigh a thabhairt ar aird; ([1])

— a dhearbhú nach mór gan forálacha Bheartas ICDI atá faoi chonspóid a chur i bhfeidhm;

— an cinneadh réitigh a chur ar neamhní;

— cinneadh ICDI a chur ar neamhní; ([2])

— a ordú do BRA costais dlí agus eile an iarratasóra agus caiteachas a bhaineann leis na himeachtaí seo a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí.**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí, mar thaca lena chaingean i gcoinne an cinneadh réitigh agus ocht saincheist dlí mar thaca leis an gcaingean i gcoinne chinneadh ICDI.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go ndearna BRA earráidí sa dlí. Maíonn an t-iarratasóir go sáraítear leis an gcinneadh réitigh forálacha Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 an 15 Iúil 2014, ([3]) agus Rialacháin Tarmligthe (AE) 2016/1075 ón gCoimisiún an 23 Márta 2016, ([4]) chomh maith le prionsabal na comhréireachta.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go ndearna BRA earráidí follasacha measúnaithe agus gur sháraigh sé prionsabal an dea-rialachais.

   — Mar thaca leis an tsaincheist sin, maíonn an t-iarratasóir gur ghlac BRA stráitéis aonfhoirmeach "bannaí isteach amháin" le haghaidh gach institiúide domhanda a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint léi (G-SII), gan aird ar chásanna réitigh iarbhír, agus gur theip air na heilimintí bunaithe ar fíricí agus réasún a fhiosrú go cúramach agus go neamhchlaonta, a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh ina rogha i leith stráitéis réitigh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go gcuireann BRA seasamh in iúl lena léirítear rogha normatach agus, mar sin gur sháraigh sé a chumhachtaí faoi Rialachán (AE) Uimh. 806/2014.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, gur glacadh é de shárú ar cearta an iarratasóra éisteacht a fháil agus de shárú ar dhualgas BRA cúiseanna a lua, gan údar cuí a thabhairt dá rogha i leith straitéis réitigh don iarratasóir.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir leis an gcinneadh réitigh, go sáraítear le roinnt forálacha de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, a chuir BRA i bhfeidhm tríd an gcinneadh a ghlacadh, cearta bunúsacha chomh maith le CFAE.

6. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, go bhfuil sé bunaithe ar agus nasctha go dlúth, leis an gcinneadh réitigh, agus mar sin nach mbeadh bunús leis a thuilleadh dá ndéanfaí an cinneadh sin a chur ar neamhní.

7. An dara saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, go ndearna BRA earráid sa dlí agus forálacha Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 á léirmhíniú agus á gcur i bhfeidhm.

— Mar thaca leis an tsaincheist sin, maíonn an t-iarratasóir gur mhainnigh BRA an grúpa baincéireachta iar-réitigh a chur san áireamh ina chinneadh ICDI agus an ceanglas maoláin chomhcheangailte iar-réitigh (CBR) sa chinneadh maidir leis an muirear ar mhuinín an mhargaidh, agus gur mhainnigh leis measúnú iomláin ar na heilimintí ábhartha de ríomh ICDI agus cúiseanna eile a lua maidir lena ríomh ICDI.

8. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, go ndearna BRA earráidí follasacha measúnaithe i dtaca le ICDI a chinneadh agus gur sháraigh sé prionsabal an dea-riaracháin, a mhéid a mhainnigh BRA measúnú cúramach agus neamhchlaonta a dhéanamh ar grúpa BNP Paribas iar-réitigh, agus go háirithe gan éifeachtaí an réitigh ar mhéid agus an tsamhail ghnó ag grúpa BNP Paribas a chur san áireamh.

9. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, gur sháraigh BRA prionsabal an ionchais dhlisteanaigh, nuair a mhainnigh sé roinnt forálacha dá bheartas ICDI féin a chur i bhfeidhm maidir le coigeartuithe ICDI.

10. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, gur sháraigh BRA prionsabail na comhréireachta, an ceart chun maoine agus saoirse chun gnó a sheoladh, trí méid ICDI a shocrú atá díréireach i bhfianaise na gcuspóirí réitigh.

11. An séú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, gur mhainnigh BRA cúiseanna a thabhairt don chinneadh, nuair nár cuireadh sa cinneadh na heilimintí riachtanach ionas go dtuigfeadh an t-iarratasóir ar cén fhoras agus de réir cén mhodheolaíocht a ndearnadh cinneadh ICDI agus cén fáth gur imigh an mhodheolaíocht ón modheolaíocht ghinearálta a leagtar amach i mBeartas ICDI.

12. An seachtú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, gur sháraigh BRA ceart an iarratasóra chun éisteacht a fháil, i gcás go ndiúltaítear mar phrionsabail roinnt barúlacha a chur san áireamh.

13. An t-ochtú saincheist dlí lena n-éilítear, maidir le cinneadh ICDI, go sáraítear le Beartas ICDI, lena mbunaítear cinneadh ICDI, Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 agus gurb é atá ann ná mí-úsáid chumhachtaí ag BRA, a mhéid atá rogha normatach i réimse an réitigh agus go sáraítear cumhachtaí an reachtóra.

(1) An cinneadh réitigh dá dtagraítear: Cinneadh comhpháirteach maidir le plean réitigh an ghrúpa agus measúnú ar inréititheacht do BNP Paribas agus a fhochuideachtaí, mar a dheimhnigh an Bord Réitigh Aonair, Magyar Nemzeti Bank, Finanstilsynet agus Bankowy Fundusz Gwarancyjny, an 4 Samhain 2021, Uimhir Thagartha RC/JD/2020/52.

(2) Cinneadh ICDI dá dtagraítear: Cinneadh comhpháirteach chun riachtanas íosta do chistí dílse agus dliteanais inghlachta do BNP Paribas agus roinnt dá chleamhnaithe mar a dheimhnigh BRA, Magyar Nemzeti Bank, Finanstilsynet agus Bankowy Fundusz Gwarancyjny, an 4 Samhain 2021, Uimhir Thagartha RC/JD/2020/53.

(3) Rialachán (AE) Uimh. 806/2914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).

(4) Rialacháin Tarmligthe (AE) 2015/281 ón gCoimisiún an 23 Márta 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar na bpleananna téarnaimh, na bpleananna réitigh agus na ngrúp-phleananna réitigh, na híoschritéir ar a ndéanfaidh an t-údarás inniúil measúnú maidir leis na pleananna téarnaimh agus na grúp-phleananna téarnaimh, na coinníollacha maidir le ghrúpthacaíocht airgeadais, na ceanglais do luacháilaithe neamhspleácha, aitheantas conarthach cumhachtaí díluachála agus athraithe, nósanna imeachta agus ábhar na gceanglas um fhógra maidir le fionraí agus feidhmiú oibríochtúil na gcoláistí réitigh (IO L 184, 8.7.2016, lch. 1).

**Caingean arna tabhairt an 15 Feabhra 2022 – Associazione "Terra Mia Amici No Tap" v BEI**

**(Cás T-86/22)**

(2022/C 165/45)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Associazione "Terra Mia Amici No Tap" (Melendugno, an Iodáil) (ionadaí: A. Calò, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Banc Eorpach Infheistíochta

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— a chinneadh agus a dhearbhú gur dhearbhaigh an Banc Eorpach Infheistíochta d'aon ghnó nó le faillí do-ghlactha agus tar éis an spriocdháta an iarraidh ar athbhreithniú a tharchur an comhlachas iarrthach;

— a ordú don Bhanc Eorpach Infheistíochta cinneadh a dhéanamh chun na hiasachtaí arna ndeonú do TAP AG a chúlghairm;

— a ordú do BEI na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Chun tacú leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí, lena n-éilítear nach bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú inghlactha.

   — I dtaca leis sin, áitítear go bhfuil sárú ar Choinbhinsiún Aarhus agus ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, [1] an 6 Meán Fómhair 2006 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1767, [2] Aithrisí 1, 6 agus 9 de bhrollach Ráiteas BEI maidir le Prionsabail agus Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta. Sa chás sonrach seo, ba cheart go ndéanfadh BEI na hiasachtaí a deonaíodh a chúlghairm ós rud é go mbaineann an iarraidh ar athbhreithniú le gníomh riaracháin a thagann faoi dhlí an chomhshaoil.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear titim na hiarrata ar athbhreithniú, mar gheall ar dhul in éag na spriocdhátaí.

   — I dtaca leis sin, áitítear go bhfuil sárú ar Choinbhinsiún Aarhus agus ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, an 6 Meán Fómhair 2006 agus Rialachán (AE) Uimh. 2021/1767, Aithrisí 1, 6 agus 9 de bhrollach Ráiteas BEI maidir le Prionsabail agus Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta. Sa chás sonrach seo, mhainnigh BEI dul ar aghaidh le cúlghairm na n-iasachtaí, cúlghairm i bhfoirm gníomh nua, neamhspleách agus éagsúil ón gceann lenar deonaíodh an iasacht roimhe sin, agus in aon chás an spriocdháta sé seachtaine chun iarratas ar athbhreithniú a reáchtáil a ríomh ó thús tionscadal a chur i mbun oibríochta, ós rud é go raibh an páirtí maoinithe aitheanta go conarthach chun caighdeáin BEI a chomhlíonadh faoin dáta sin.

3. An tríú saincheist lena n-éilítear sárú ar Aithris 36 de Ráiteas 2009 BEI maidir le Prionsabail agus Caighdeáin Chomhshaoil agus Shóisialta.

   — I dtaca leis sin, áitítear go gceanglaítear go sonrach le hAithris 36 gur cheart go gceanglódh BEI go gcomhlíonfar le gach tionscadal maoinithe ar a laghad:

     — an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir leis an gcomhshaol;

     — reachtaíocht an Aontais is infheidhme maidir leis an gcomhshaol, go háirithe, an Treoir maidir le Faisnéis ar an gComhshaol ("Treoir MFC") agus Treoracha an Aontais maidir leis an Dúlra mar aon le treoracha earnálacha agus treoracha "trasearnálacha";

     — prionsabail agus caighdeáin na gcoinbhinsiún ábhartha idirnáisiúnta a ionchorprú i ndlí an Aontais.

     Sa chás sonrach seo níor comhlíonadh aon cheann de na pointí sin.

Go deimhin, léirítear gach ceann de na sáruithe seo a leanas:

a. Reachtaíocht an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus go háirithe:

a.I Aithris 36 in éineacht le hAirteagal 4 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (easpa anailís costais is tairbhe);

a.II Aithris 31 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus Airteagal 5(1) d'Iarscríbhinn IV, nóta 1 de Threoir 2011/92/AE (tionchar carnach seachtrach);

a.III Aithris 31 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 agus Airteagal 5(1) d'Iarscríbhinn IV, nóta 1 de Threoir 2011/92/AE (tionchar carnach inmheánach) – Cosc ar "Salami slicing";

a.IV Airteagal 2(1) de Threoir 2011/92/AE, Airteagal 6(3) agus (4) den Treoir maidir le Gnáthóga;

a.V Airteagal 4(4) de Threoir 2009/147, Treoir maidir le hÉin;

a.VI Aithris 30 in éineacht le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 agus Airteagal 6 den Threoir maidir le Faisnéis ar an gComhshaol (MFC) (Trédhearcacht agus rannpháirtíocht);

a.VII Aithris 28 in éineacht le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (rialachán maidir le Gnáthóga);

a.VIII Sárú ar Airteagal 191(1) de CFAE mar aon le sárú ar dhearbhú prionsabal agus rialacha ar ábhair shóisialta agus chomhshaoil, ón mBanc Eorpach Infheistíochta, arna fhaomhadh ag an mBord stiúrthóirí an 3 Feabhra 2009.

b. Reachtaíocht na hIodáile agus go háirithe:

b.I Foraithne Reachtach 42/2004 lena dtrasuítear an Coinbhinsiún um Thírdhreacha, Airteagal 26;

b.II Foraithne Reachtach 42/2004 lena dtrasuítear an Coinbhinsiún um Thírdhreacha, Airteagal 146;

b.III Airteagal 146 de dhlí Uimh. 241 an 7 Lúnasa 1990, Comhdháil Seirbhísí;

b.IV Ceanglas A57 d'Fhoraithne an Aire um Chomhoiriúnacht an chomhshaoil, Uimh. 223/14;

b.V Foraithne Reachtach 152/06, easpa smachtbhannaí;

b.VI Airteagal 452(4) den Chód Coiriúil. (tubaiste comhshaoil).

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2013.

— I dtaca leis sin, áitítear nár tugadh faoi anailís chuí costais is tairbhe riamh.

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 c maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail (IO 2006 L 264, lch. 13).

([2]) Rialachán (AE) 2021/1767 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Comhphobail (IO 2021, L 356, p. 1).

---

**Caingean arna tabhairt an 17 Feabhra 2022 – Hahn Rechtsanwälte v an Coimisiún**

**(Cás T-87/22)**

(2022/C 165/46)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Hahn Rechtsanwälte PartG mbB (Bremen, an Ghearmáin) (ionadaí: K. Künstner, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh C(202l) 9326 final an 7 Nollaig 2021 a neamhniú;

— A ordú don Choimisiún Eorpach costais na n-imeachtaí a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Bunaítear an t-iarratas ar thrí shaincheist dlí:

1. An chéad saincheist: Cúis ar bith ann leis an diúltú faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ([1])

   — Níor léirigh an Coimisiún aon leasanna tráchtála, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, ar fiú iad a chosaint i ndáil leis na páirtithe in imeachtaí cairtéil AT.40178 – Astaíochtaí ó ghluaisteáin agus níor thug sé faoi scrúdú ar bhonn cás ar chás.

   — Ní féidir leis an gCoimisiún brath ar an gcosaint maidir le himscrúduithe toisc go mbaineann sé le himscrúdú maidir le cairtéal a bhfuil clabhsúr curtha leis agus a raibh cinneadh críochnaitheach leis agus níor thug an Coimisiún faoi scrúdú ar bhonn cás ar chás ach an oiread.

   — Braitheann an Coimisiún ar an toimhde ghinearálta maidir le neamhnochtadh, cé nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos leis an gcéad agus/nó an tríú fleasc d'Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus cuirtear, mar thoradh air sin, an gaol idir riail agus eisceacht maidir leis an gceart rochtana bunoscionn, ar bhealach mídhleathach.

2. An dara saincheist: Leas sáraitheach poiblí i nochtadh de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001

   — Is go héagórach nár ghlac an Coimisiún leis go raibh leas sáraitheach poiblí de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ann.

   — Is léir go raibh sárú ar leas an phobail sa chás seo, ós rud é gur bhain na comhaontuithe frithiomaíocha leis na feistí sáraithe i ngluaisteáin paisinéirí agus go raibh drochthionchar ag astaíochtaí ocsaíde nítrigine iomarcacha ar an tsláinte phoiblí, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid.

   — De réir chinntí na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA), gach bliain sa Ghearmáin amháin cailltear tuairim is 12 800 duine mar thoradh ar aerthruailliú ó NO2.

3. An tríú saincheist: Scrúdú sonrach ar bith ann maidir le rochtain pháirteach faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001

   — Ní dhearna an Coimisiún scrúdú sonrach a dóthain cé acu an cóir, mar mhalairt, rochtain pháirteach a thabhairt ar an gcomhad i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001.

   — Ní raibh aon scrúdú ann i dtaobh an bhféadtar beart is lú srian maidir leis an gceart rochtana a ghlacadh i leith an iarratasóra.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO 2001 L 145, lch. 43).

---

**Caingean arna tabhairt an 21 Feabhra 2022 – OG agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás T-101/22)**

(2022/C 165/47)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóirí:* OG, OH, OI agus OJ (ionadaí: D. Gómez Fernández, Dlíodóir)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

— Airteagal 1 den Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ([1]) ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ([2]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil, a neamhniú.

— a ordú don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir seacht saincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar rialacha inniúlachta agus ar rialacha Airteagal 290(1) CFAE.

   — I ndáil leis sin, éilítear gur sáraíodh tarmligean na cumhachta arna thabhairt ag Parlaimint na hEorpa le hAirteagail 12 agus 5(2) de Rialachán 2021/953 agus gur sáraíodh na hAirteagail sin chomh maith toisc nach bhfuil siad i gcomhréir le heilimintí sár-riachtanacha an ghnímh chumasúcháin agus nach dtagann siad faoi réim an chreata rialála arna leagan amach sa ghníomh reachtach bunúsach ach go háirithe, ós rud é nach bhfuil gá leis na hathruithe i gcás dul chun cinn eolaíoch maidir le paindéim COVID- 19 a choimeád faoi smacht.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar rialacha iomaíochta agus ar rialacha Airteagail 290(1) CFAE.

   — I ndáil leis sin, éilítear gur sáraíodh an tarmligean cumhachta arna thabhairt ag Parlaimint na hEorpa le hAirteagail 13 agus 5(4) de Rialachán 2021/953 agus gur sáraíodh na hAirteagail sin chomh maith. Rinneadh sárú ar cheanglas bunriachtanach nós imeachta a mhéid a cloíodh leis an nós imeachta práinne gan an cás ar leith dá bhforáiltear leis a bheith ann, gan sonraí eolaíocha nua tagtha chun solas agus gan mórfhorais phráinne a bheith á éileamh.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar an gceart bunúsach saorghluaiseachta, mar a chumhdaítear in Airteagal 21 CFAE, ar Airteagal 45 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 4 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, ar Airteagal 27 de Threoir 2004/38/CE an 29 Aibreán agus ar phrionsabal na comhréireachta.

   — I ndáil leis sin, maítear nach bhfreagraíonn na srianta arna dtabhairt isteach cúiseanna don sláinte phoiblí agus nár léiríodh go bhfuil siad éifeachtach nó riachtanach.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar chearta bunúsacha na Cairte maidir le comhionannas os comhair an dlí (Airteagal 20) agus maidir le neamh-idirdhealú (Airteagal 21), chomh maith le cearta an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine (CECD) lena bhfuil siad ar aon dul, mar gheall ar chóireáil éagsúil a thabhairt isteach idir daoine atá vacsaínithe go hiomlán agus daoine a bhfuil an teanndáileog acu.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear easpa inniúlachta mar gheall ar anábhar.

   — I ndáil leis sin, éilítear sárú ar phrionsabal na tabhartha agus ar Airteagail 5 agus 168 CFAE toisc nach bhfuil an Coimisiún nó an tAontas inniúil chun bearta a ghlacadh lena bhforchuirfí vaicsín a fháil, fiú trí mhodh indíreach amhail nach gcaillfí an Deimhniú Vacsaínithe go huathoibríoch 270 lá i ndiaidh cúrsa vacsaíne a chríochnú.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar na cearta bunúsacha mar a chumhdaítear sa Chairt maidir le saoirse (Airteagal 6), meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), dínit an duine (Airteagal 1) agus iomláine an duine (Airteagal 3), chomh maith le cearta CECD lena bhfuil siad ar aon dul, trí vacsaíniú na teanndáileoga fhorchur ionas nach gcaillfí an Deimhniú Vacsaínithe.

7. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear mí-úsáid cumhachta.

   — I ndáil leis sin, éilítear sárú ar Airteagal 18 CECD amhail go saothraítear críoch seachas an ceann dár beartaíodh leis an Rialachán. An vaicsíniú teanndáileoga a fhorchur go hindíreach ionas nach gcaillfí an Deimhniú Vacsaínithe go huathoibríoch.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2288 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tréimhse inghlacthachta na ndeimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint i bhformáid Dheimhniú Digiteach COVID AE lena léirítear gur críochnaíodh an tsraith vacsaínithe phríomhúil.

([2]) Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID- 19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID- 19.

**Caingean arna tabhairt an 22 Feabhra 2022 – Transgourmet Ibérica v EUIPO – Aldi (Gourmet)**

**(Cás T-102/22)**

(2022/C 165/48)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Transgourmet Ibérica, SAU (Gerona, an Spáinn) (ionadaithe: C. Duch Fonoll and I. Osinaga Lozano, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Aldi GmbH & Co. KG (Mülheim an der Ruhr, an Ghearmáin)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh "Gourmet" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 8 143 653

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le cealú

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón Dara Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Nollaig 2021 i gCás R 862/2021-2

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní ina iomláine;

— an cás a tharchur ar ais chun an Bhoird Achomhairc chun breithiúnas críochnaitheach a thabhairt agus

— a ordú do EUIPO agus don idiragraí a gcostais féin a íoc agus na costais arna dtabhú ag an iarratasóir sna himeachtaí seo agus san achomharc agus sna himeachtaí céadchéime a íoc.

**Saincheisteanna dlí**

— Sárú ar Airteagal 3 de Threoir (AE) 2015/2436 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar an gcásdlí gaolmhar;

— Sárú ar Airteagal 64(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 10(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/625 ón gCoimisiún agus ar an gcásdlí gaolmhar;

— Sárú ar Airteagal 64(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 18(1)(a) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 24 Feabhra 2022 – Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi v EUIPO – M. J. Dairies (BBQLOUMI)**

**(Cás T-106/22)**

(2022/C 165/49)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Foundation for the Protection of the Traditional Cheese of Cyprus named Halloumi (an Niocóis, an Chipir) (ionadaithe: S. Malynicz, Abhcóide Dlí, agus C. Milbradt, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* M. J. Dairies EOOD (Sóifia, an Bhulgáir)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* An páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc faoi cheist:* Focalmharc de chuid an Aontais Eorpaigh "BBQLOUMI" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 12 898 029

*Nós imeachta os comhair EUIPO*: Imeachtaí cealúcháin

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc de EUIPO an 14 Nollaig 2021 i gCás R 656/2021-4

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus an páirtí eile araon a gcostais féin a íoc agus costais an iarratasóra ar neamhniú a íoc.

**Saincheisteanna dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 8(1)(b) agus 8(5) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sárú ar Airteagal 74(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

— Sháraigh an Bord Achomhairc cásdlí na Cúirte Breithiúnais i dtaobh idirdhealaitheachta;

— Ba le héigeart a dháil an Bord Achomhairc dualgas cruthúnais ar dhílseánach de thrádmharc a cláraíodh níos luaithe, arb é an t-iarratasóir, chun leibhéal idirdhealaitheachta is gá a léiriú;

— Mhainnigh an Bord Achomhairc cúiseanna cuí a thabhairt maidir lena bhunchinneadh nach raibh idirdhealaitheacht ag an gcómharc a bhí ann roimhe sin.

**Caingean arna tabhairt an 28 Feabhra 2022 – Adega Ponte da Boga v EUIPO – Viñedos y Bodegas Dominio de Tares (P3 DOMINIO DE TARES)**

**(Cás T-107/22)**

(2022/C 165/50)

*Teanga inar taisceadh an t-iarratas: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Adega Ponte da Boga, SL (Ourense, an Spáinn) (ionadaí: C. Sueiras Villalobos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc:* Viñedos y Bodegas Dominio de Tares, SA (San Román de Bembibre, an Spáinn)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Dílseánach an trádmhairc faoi cheist:* Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc

*Trádmharc atá faoi cheist:* Marc fíortha ina bhfuil gnéithe focail "P3 DOMINIO DE TARES" – Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh Uimh. 16 691 651

*Nós imeachta os comhair EUIPO:* Imeachtaí maidir le neamhbhailíocht

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gcéad Bhord Achomhairc de EUIPO an 3 Nollaig 2021 i gCás R 479/2021-1

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO agus d'aon idirghabhálaí a fhéadfaidh láithriú san imeacht seo chun an cinneadh atá faoi chonspóid a chosaint na costais a íoc.

## Saincheist dlí arna maíomh

Sárú ar Airteagal 8, mír 1(b), de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 3 Márta 2022 – OK v SEAE**

**(Cás T-113/22)**

(2022/C 165/51)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* OK (ionadaí: N. de Montigny, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— maidir leis an iarraidh ar chúnamh:

  — cinneadh Stiúrthóir Acmhainní Daonna SEGS ag diúltú go páirteach dá iarraidh ar chúnamh i leith ciaptha agus cóireála idirdhealaithe, ar tugadh fógra ina leith an [*rúnda*] ([1]) a neamhniú;

  — cinneadh Ard-Rúnaí SEGS a neamhniú, más gá, a mhéid a fhorlíonann sé cinneadh an 15 Meitheamh 2021, ag diúltú dá ghearáin [*rúnda*] a bhaineann leis an gcinneadh diúltú go páirteach don iarraidh ar chúnamh thuasluaite, ar tugadh fógra ina leith an [*rúnda*];

— ar ábhar, raon feidhme agus cur chun feidhme an chomhaontaithe ar thángthas air an [*rúnda*] i gcás [*rúnda*]:

  — comhaontú frithpháirteach an [*rúnda*] a neamhniú mar gheall ar easpa toilithe chomh maith le neamhchomhlíonadh a théarmaí;

  — an cinneadh intuigthe ag tabhairt ardú céime don iarratasóir go ghrád AD 14 go haisghníomhach ón 1 Eanáir 2018 a neamhniú, a mhéid is ionann é agus cur chun feidhme an chomhaontaithe sin, arna chur in iúl dó tríd a chárta tuarastail ó mhí Bealtaine 2021 a chur ar fáil, agus arna dhearbhú go foirmiúil le cinneadh ó Ard-Stiúrthóir Acmhainní SEGS (údarás ceapacháin) an [*rúnda*];

  — cinneadh an 30 Samhain 2021 ón Ard-Stiúrthóir Acmhainní a neamhniú lena dhiúltaigh SEGS a ghearán [*rúnda*] a thaisceadh i gcoinne easpa cinnidh sainráite maidir lena ardú céime go grád AD 14 an 1 Eanáir 2018 agus i gcoinne an dearbhaithe fhoirmiúil a chur SEGS ar fáil i gcomhthéacs an cháis [*rúnda*] a raibh sé de chuspóir aige, agus mar thoradh air sin, tuairim na Cúirte agus cumas an iarratasóra chun brath ar phrionsabal na córa comhionainne a shaobhadh;

— a ordú don chosantóir cúiteamh a íoc leis an iarratasóir de mhéid 52 400 euro atá le bheith mar chúiteamh ar a dhamáiste ábhartha, chomh maith le cúiteamh as a dhamáiste morálta de mhéid arna shocrú go siombalach ag 1 euro;

— a ordú don chosantóir na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne an chinnidh lenar diúltaíodh dá iarratas ar chúnamh, maíonn an t-iarratasóir cúig shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear locht seirbhíse, sárú ar an dualgas cúraim i leith an oifigigh a bhí ina íospartach de chiapadh, sárú ar an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“an Chairt”) agus Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach measúnaithe maidir le fianaise fhíorais an chiaptha a d’fhulaing an t-iarratasóir.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear mí-úsáid cumhachtaí agus sárú ar Airteagal 47 den Chairt.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear mí-úsáid cumhachtaí, sárú ar Airteagal 227 CFAE agus Airteagal 44 den Chairt.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear nach raibh an scrúdú ar an iarraidh ar chúnamh i gcomhréir leis an gcinneadh [*rúnda*].

Mar thaca leis an gcaingean i gcoinne an chinnidh intuigthe chun árdú céime a thabhairt agus i gcoinne an comhaontaithe fhrithpháirtigh a cuireadh i gcrích i gcomhthéacs an cháis [*rúnda*], maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear calaoise agus neamhniú an chomhaontaithe ar thángthas air i gcomhthéacs an cháis [*rúnda*].

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear neamhchomhlíonadh an comhaontaithe agus agairt mhíchuí d’údarás *res judicata* ag SEGS.

([1]) Coinníodh siar sonraí rúnda.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA